

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Rialáil Seirbhíse Leanaí

**Teaghlach Tuarascáil
maidir le Tuarascálacha
Cigireachta na
Luathbhlianta 2018–2019:
Anailís agus Treochtaí**

D'ullmhaigh Research Matters Ltd. an tuairisc seo (www.researchmatters.eu) thar ceann Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Ba cheart an méid seo a leanas a thabhairt ar an tuairisc seo:

Tusla (2021) An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach *Tuarascáil maidir le Tuarascálacha Cigireachta na Luathbhlianta 2018–2019: Anailís agus Treochtaí. Baile Átha Cliath: Tusla.*

Cóipcheart © Tusla, 2021

Tusla – Child and Family Agency
The Brunel Building
Heuston South Quarter
Saint John's Road West
Dublin 8 D08 X01F

Tel: 01 771 8500
Email: info@tusla.ie
www.tusla.ie

Brollach

Tá ríméad orainn an tuarascáil seo a chur i láthair, tuarascáil ina dtugtar, den chéad uair riamh, anailís mhionsonraithe ar na torthaí a eascraíonn as príomhghnéithe an phróisis forfheidhmithe rialála.

Is í Tusla - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, trí Chigireacht na Luathbhlianta, rialtóir reachtúil sheirbhísí na luathbhlianta in Éirinn agus tá sé de chúram uirthi clárú agus cigireacht a dhéanamh ar réamhscoileanna, grúpaí súgartha, naíolanna, saoráidí cúraim lae agus a leithéid sin de sheirbhísí a dhéanann freastal ar leanaí idir 0 agus 6 bliana d'aois. Is é ról na cigireachta ná cur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht an linbh, ar cháilíocht an chúraim agus ar an tacaíocht a chuirtear ar fáil don leanbh i soláthar na luathbhlianta i gcomhréir leis na rialacháin.

Is é an aidhm atá le rialáil ná feabhsúchán a spreagadh; is léiriú soiléir torthaí na hanailíse arna gcur ar fáil sa tuarascáil seo ar an tionchar dearfach a imríodh ar cháilíocht sheirbhísí na luathbhlianta mar thoradh ar an bpróiseas cigireachta. Fuair anailís a rinneadh ar 500 rialachán neamhchomhlíonta go raibh beagnach 86% de sheirbhísí a bhí neamhchomhlíontach le linn na cigireachta i gcomhlíonadh faoi dheireadh an phróisis. Tá reachtaíocht agus rialúchán mar bhonn eolais ag próiseas forfheidhmithe rialála Tusla. Ar an iomlán, baintear leas as pleananna gníomhaíochta ceartaitheacha agus coisctheacha na soláthraithe chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht a shainaithnítear le linn cigireachta. Is léiriú é sin go dtarlaíonn an leibhéal is airde idirghabhála ag céim luath.

Ní dhearnadh ach líon beag seirbhísí a ghéarú chuig an bPainéal Náisiúnta Clárúcháin agus Forfheidhmithe thar thréimhse dhá bhliain, 2018 agus 2019. Tá an painéal seo freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar fhorfheidhmithe i gcás go bhfuil seirbhísí i mbaoil a gclárúchán a chailleadh. Cuireadh coinníollacha de cheangal ar roinnt seirbhísí maidir le feabhsúchán a bhaint amach; rinneadh seirbhís amháin a ionchúiseamh; agus baineadh 6 sheirbhís den chlár. Léiríonn na torthaí go bhfeidhmíonn Tusla mar is cuí nuair a shainaithnítear riosca suntasach nach bhfuil iarracht déanta ag an soláthraí tabhairt faoi.

Treisiúnn an tuarascáil seo an tábhacht a bhaineann le seirbhís láidir cigireachta a dhíríonn, ní hamháin ar fhadhbanna a shainaithint nuair a thagann siad chun cinn, ach ar obair a dhéanamh i gcomhar leis an soláthraí seirbhíse ar bhealach a dhéanann athrú dearfach d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht sheirbhísí na luathbhlianta.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt d'obair breis agus 4,300 soláthraí seirbhíse na luathbhlianta maidir lena chinntiú go soláthraíonn siad seirbhísí sábháilte ar ardchaighdeán do leanaí agus teaghlaigh ar fud na tíre. Gabhaimid buíochas leo as a rannpháirtíocht lenár gcigirí agus as a dtiomantas do cheanglais reachtúla a chomhlíonadh. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt freisin do na páirtithe leasmhara go léir san earnáil a thugann tacaíocht do sheirbhísí na luathbhlianta agus a oibríonn go dlúth linn chun an clár oibre cáilíochta a chur chun cinn. Mar fhocal scoir, gabhaimid buíochas ó chroí don Dr Sinéad Ní Anifin, stiúrthóir bainistíochta Research Matters Ltd. as an tuarascáil seo a chur le chéile.

Dr Carolín Ní Cuilinn
Stiúrthóir Náisiúnta um Dhearbhu
Cáilíochta (Eatramhach)

Fiona Ní Dhomhnaill
Stiúrthóir Seirbhísí Náisiúnta um
Rialú Seirbhísí do Leanaí

Clár Ábhar

Brollach.....	i
Mír 1: Réamhrá	1
Mír 2: Léargas ginearálta ar an gcur chuige a glacadh	3
Aidhm agus cuspóirí	4
Tuairiscí cigireachta.....	4
Líon na dtuairiscí agus na rialachán 2018 agus 2019 a cuireadh san áireamh san anailís	5
Ceangal sonraí leis an gClár Seirbhísí Luathbhlianta	5
Anailís ar thuairiscí	6
Saincheistanna eiticiúla	6
Mír 3: Torthaí ón anailís ar thuairiscí cigireachta 2018.....	7
Príomhthorthaí	8
Léargas ginearálta ar shonraí.....	9
Cur Síos ar thuairiscí TC.....	9
Saintréithe na seirbhísí.....	10
Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh	15
Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh de réir tuairiscí ar chigireachtaí	15
Torthaí de réir rialacháin aonair	17
Achoimre ar thorthaí a eascraíonn as tuairiscí TC 2018 a cuireadh san áireamh san anailís	22
Tuairiscí cigireachta ar Oiriúnacht don Fheidhm (Fit for Purpose, ODF) 2018.....	23
Príomhphointí	23
Léargas Ginearálta	24
An próiseas i ndiaidh gur críochnaíodh an chigireacht ODF	24
Cur Síos ar na tuairiscí cigireachta ODF a chuirtear san áireamh san anailís seo	25
Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh maidir le tuairiscí ODF	26
Rialacháin a chomhlíonadh.....	27
Achoimre	29
Mír 4: Torthaí ón anailís ar thuairiscí cigireachta 2019.....	30
Príomhthorthaí	31
Léargas ginearálta ar shonraí.....	32
Cur síos ar thuairiscí cigireachta rialacháin (TC)	32
Dáileadh tíreolaíoch tuairiscí a chuirtear san áireamh in anailís TC.....	32
Saintréithe na seirbhísí.....	32
Measúnú ar chomhlíonadh agus neamhchomhlíonadh	35
Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh	35

Comhlíonadh maidir le tuairiscí a cuireadh san áireamh san anailís.....	36
Rialacháin a chomhlíonadh.....	36
Torthaí de réir rialacháin aonair	37
Achoimre ar thorthaí a eascraíonn as tuairiscí TC 2019 a cuireadh san áireamh san anailís	42
Cigireachtaí ar Oiriúnacht don Fheidhm (ODF) 2019.....	43
Cur Síos ar na tuairiscí cigireachta ODF a chuirtear san áireamh san anailís seo	43
Anailís achomair ar thuairiscí ar chigireachtaí ODF	48
Mír 5: Príomh-shaincheistanna a thagann chun solais i rialacháin neamhchomhlíontacha	49
Príomhphointí	50
Léargas Ginearálta	50
Rialachán 23 (Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint)	51
Rialachán 9 (Bainistíocht agus earcaíocht)	53
Rialachán 19 (Sláinte, leas agus forbairt an linbh)	55
Rialachán 26 (Bearta um shábháilteacht ó dhóiteán)	58
Rialachán 29 (Áitreabh)	59
Rialachán 16 (Taifead maidir le seirbhís réamhscoile).....	60
Rialachán 25 (Garchabhair)	61
Achoimre ar na príomh-shaincheistanna a bhaineann le neamhchomhlíonadh	62
Mír 6: Treochtaí i gcigireachtaí luathbhlianta 2017-2019	64
Príomhthorthaí	65
Léargas Ginearálta	67
Clárúcháin seirbhíse	67
Athruithe ar chúinsí a fhógairt	69
Dúnadh seirbhíse	70
Na cúiseanna a bhí le dúnadh	70
Cigireachtaí a rinneadh.....	71
Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh	71
Leibhéil chomhlíonta, ar an iomlán, i dtuairiscí ar sheirbhísí	72
Comhlíonadh maidir le tuairiscí ar shaghas na seirbhíse	72
Éagsúlacht réigiúnach i gcomhlíonadh.....	73
Treochtaí i gcomhlíonadh i measc rialacháin shonracha	74
Na rialacháin ba mhó agus ba lú a measúnaíodh.....	74
Treochtaí i gcomhlíonadh agus neamhchomhlíonadh	75
Leibhéil chomhlíonta	77
Teagmhais a fhógairt	82
Eolas gan iarraidh	83
Achoimre ar threochtaí.....	84

Mír 1: Réamhrá

Is é Tusla, tríd an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, an rialálaí neamhspleách seirbhísí luathbhlianta in Éirinn agus tá freagracht air as cigireacht a dhéanamh ar réamhscoileanna, grúpa súgartha, naíolanna, cúram lae agus a mhacasamhail de sheirbhísí a fhreastalaíonn ar leanaí a shine le 6 bliana d'aois. Is é ról na Cigireachta:

Sábháilteacht agus cáilíocht chúraim agus tacaíocht an linbh i soláthar Luathbhlianta a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh orthu i gcomhréir leis na rialacháin. Cuireann an Chigireacht a ról i bhfeidhm trí iarratais ar chlárú a mheasúnú agus trí chigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí cláraithe.

Sainaithníodh go leor tairbhí dearfacha a bhaineann le rialáil i seirbhísí luathbhlianta. Tugtar iad seo chun solais in *Tuarascáil an tSainghrúpa Chomhairligh ar an Straitéis Luathbhlianta*, 1mar seo a leanas:

- Leanaí a chosaint in aghaidh cleachtais dhíobhálacha
- A chinntiú go mbaintear íoschaighdeán amach
- Tacú le cleachtas a dhéanamh de chaighdeán cháilíochta
- Dearbhú a sholáthar do thuismitheoirí agus don phobal go mbaineann seirbhísí cáilíocht chomhsheasmhach amach
- Tagarmharcanna a leagan amach d'fhonn gur féidir le soláthraithe seirbhíse seirbhísí a fhorbairt, a fheabhsú agus a chothabháil do leanaí ina n-aghaidh.

Tugadh seirbhís na Cigireachta Luathbhlianta isteach i 1997, faoi Chuid VII den Acht um Chúram Leanaí, 1991, a thug éifeacht do Rialacháin Réamhscoile 1996. Leasáíodh na rialacháin ina dhiaidh sin in 2006 agus leagadh béim níos mó iontu ar shláinte, leas agus forbairt an linbh. D'éascair athruithe suntasacha ar an mbonn reachtaíochta chun maoirseacht a dhéanamh ar sheirbhísí luathbhlianta as Cuid 12 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013. Thit leasú ar na Rialacháin Luathbhlianta amach chun na hathruithe seo a chur san áireamh agus cuireadh tús an 30 Meitheamh 2016 le sraith leasaithe rialachán a leag béim láidir ar rialachas seirbhísí luathbhlianta. Tugtar sainmhíniú i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016 ar fhreagracht soláthraí chláraithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú. Tugtar san Acht seo, chomh maith, an t-údarás do Tusla chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán a chuireann cúram, sábháilteacht agus folláine leanaí luathbhlianta chun cinn a fhreastalaíonn ar sheirbhísí. Cé go nglactar leis go bhfuil seirbhísí comhlíontach leis na rialacháin reatha, agus gur féidir cigireacht a dhéanamh orthu in aghaidh aon chinn de na rialacháin, tá na cigireachtaí dírithe go príomha laistigh de na ceithre limistéar fhairsinge seo a leanas, go ginearálta:

¹ An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2013. *Tuarascáil an tSainghrúpa Chomhairligh ar an Straitéis Luathbhlianta*. Baile Átha Cliath: An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

- Rialachas
- Sláinte, leas agus forbairt an linbh
- Sábháilteacht
- Áitreabh agus Saoráidí.

Cuirtear torthaí tuairiscí i láthair sa tuairisc seo ar chigireachtaí faoinar thug an Chigireacht Luathbhlianta in 2018 agus 2019 agus tá sonraí ann ó na torthaí a bhí ar a mhacasamhail d'anailís a rinneadh in 2017 chun treochtaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint i gcaitheamh na tréimhse trí bliana 2017-2019.

Struchtúr na tuairisce

Cuirtear an tuairisc seo i láthair sna sé mhír seo a leanas:

- Tugtar léargas ginearálta i mír 2 ar an modheolaíocht a úsáideadh chun tabhairt faoin anailís seo
- Cuirtear na torthaí i láthair i mír 3 ó anailís chainníochtúil ar chigireachtaí a rinneadh in 2018
- Cuirtear na torthaí i láthair i mír 4 ó anailís chainníochtúil ar chigireachtaí a rinneadh in 2019
- Sainaithnítear i mír 5 príomhlimistéir neamhchomhlíonta in 2018 agus 2019
- Cuirtear anailís treochtaí i láthair i mír 6 ar thorthaí cainníochtúla i rith na mblianta 2017-2019.

Cuirtear eolas i láthair sa mhír seo faoi aidhm agus cuspóirí na hanailíse, tuairiscí a chuirtear san áireamh anailís, ceangal sonraí leis an gClár Seirbhísí Luathbhlianta, anailís ar thuairiscí agus saincheistanna eiticíúla a thagann chun solais.

Aidhm agus cuspóirí

Ba é aidhm an staidéir reatha tabhairt faoi anailís ar thuairiscí ar chigireachtaí luathbhlianta faoinar tugadh i gcaitheamh tréimhse dhá bhliain, ó Eanáir 2018 go Nollaig 2019 agus chun tabhairt faoi anailís treochtaí ar shaincheistanna ar leith a thagann chun solais.

Ba iad na cuspóirí ar leith:

1. cur síos a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann seirbhísí réamhscoile na rialacháin;
2. limistéir aonair a chainníochtú inar dheimhnigh Cigirí Luathbhlianta (CLBanna) comhlíonadh/neamhchomhlíonadh na rialachán;
3. príomh-shaincheistanna a shainaithint a thagann chun solais maidir le neamhchomhlíonadh;
4. anailís treochtaí a dhéanamh ar shaincheistanna a thagann chun solais i rith cigireachta i rith na tréimhse trí bliana 2017-2019.

Tuairiscí cigireachta

Ceanglaítear i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016 go ndéanann gach seirbhís luathbhlianta in Éirinn dícheall comhlíonadh iomlán a bhaint amach i measc na rialachán luathbhlianta go léir. Glactar leis, áfach, go bhfuil limistéir ann ar gá díriú níos mó orthu agus aird níos mó a thabhairt orthu agus mar thoradh air seo, thug an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach samhail leasaithe de Chigireacht Réamhscoile isteach an 30 Meitheamh 2016. Cuimsítear ceithre phríomhlimistéar i bpríomhscóip na cigireachta luathbhlianta ón 30 Meitheamh 2016 agus is iad siúd Rialachas, Sláinte, Leas agus Forbairt an Linbh, Sábháilteacht agus Áitreabh agus Saoráidí. Dá réir sin, ní dhéantar na rialacháin go léir a mheasúnú ag gach cigireacht. Tugtar chun suntais, áfach, nuair a shainaithnítear riosca láithreach bonn i leith an linbh, déantar measúnú freisin ar an rialachán ábhartha a bhaineann leis an riosca sin i dtaobh comhlíonta ag tráth na cigireachta. Bunaítear an réasúnaíocht ar chur chuige dírithe ar fhianaise a eascraíonn as anailís mhionsonraithe ar thuairiscí cigireachta ó 2014.²

² Féach Hanafin S. (2014) Tuairisc ar Cháilíocht Seirbhísí Réamhscoile. Tusla, Baile Átha Cliath (rochtain ag: https://www.tusla.ie/uploads/content/Tusla_Quality_Summary_Complete_proof.pdf) agus Tuarascálacha Bliantúla Chigireacht Luathbhlianta 2015, 2016 agus 2017 2015-2017 (rochtain ag: <https://www.tusla.ie/services/preschool-services/general-information/publications-and-forms/>)

- Tugtar ‘tuairiscí cigireachta’ (TCanna) ar thuairiscí na gcigireachtaí seo.

I gcás iarratasóirí nua, measúnaítear oiriúnacht an iarratasóra agus an áitribh maidir le hoideachas agus cúram a sholáthar do leanaí trí phróiseas oiriúnach don fheidhm. Is féidir an saghas seo cigireachta titim amach freisin nuair a dhéantar athrú beartaithe ar stádas cláraithe na seirbhíse. Áirítear leis seo an bpróiseas seo cigireacht agus measúnú a dhéanamh ar an áitreabh lena chinntiú go gcomhlíontar na rialacháin ar leith sula bhfaomhtar iad lena glárú.

- Tugtar tuairiscí ar Oiriúnacht don Fheidhm (ODF) ar thuairiscí na gcigireachtaí seo.

Tá an uirlis chigireachta, an tuairisc, pleananna gníomhaíochta ceartaitheacha agus coisctheacha (PGCC) agus teimpléid chruinnis fhíriciúil (CF) ar fáil ag: <https://www.tusla.ie/services/preschool-services/general-information/publications-and-forms/>.

Líon na dtuairiscí agus na rialachán 2018 agus 2019 a cuireadh san áireamh san anailís

Rinneadh anailís ar leith ar thuairiscí TC agus ODF agus cuirtear na torthaí i láthair i míreanna ar leith don bhliain 2018 agus 2019. Bhailigh Cigireacht Luathbhlianta Tusla na tuairiscí a chuirtear san áireamh san anailís seo agus cuireadh 1,557 tuairisc ar chigireachtaí, ar an iomlán, faoinar tugadh in 2018 agus 1,389 tuairisc ar chigireachtaí faoinar tugadh in 2019 san áireamh san anailís. Cuirtear miondealú i láthair i dTábla 1 ar líon na dtuairiscí agus na rialachán de réir TC agus ODF san áireamh san anailís.

Tábla 1 Líon na dtuairiscí agus na rialachán a cuireadh san áireamh san anailís

	2018	2019
Líon na dtuairiscí TC	1490	1327
Líon na rialachán TC	7191	7983
Líon na dtuairiscí ODF	67	62
Líon na rialachán ODF	672	642
Líon iomlán na dtuairiscí	1557	1389
Líon iomlán na rialachán	7863	8625

Bhí na tuairiscí a cuireadh ar fáil i bhformáid tuairisc chigireachta chaighdeánaithe a d’úsáid Cigirí Luathbhlianta (CLBanna), agus tá eolas iontu faoin tseirbhís, comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh maidir le gach rialachán a ndearnadh cigireacht air agus gníomhartha ceartaitheacha agus coisctheacha chun an neamhchomhlíonadh a réiteach nuair a sainaithníodh é. Fuarthas na tuairiscí seo mar cháipéisí Word agus rinneadh formáid arbh fhéidir anailís a dhéanamh uirthi díobh trí úsáid a bhaint as clár saincheaptha TF. Cuireadh beagnach 3,000 tuairisc (líon 2946) san áireamh san anailís seo.

Ceangal sonraí leis an gClár Seirbhísí Luathbhlianta

Anuas ar an eolas atá ar fáil ó na tuairiscí, tugadh faoi anailís ó na tuairiscí, an ceangal sonraí idir na tuairiscí a fuarthas ar anailís agus an Clár Luathbhlianta don bhliain 2019. Thit an ceangal seo

sonraí amach trí úsáid a bhaint as nósanna imeachta cinnteachaíocha ceangail agus cheadaigh sé anailís a dhéanamh ar roinnt athróa breise maidir le seirbhísí luathbhlianta. Áirítear le hathróa breise stádas brabúis na seirbhíse, an líon foirne a fhostaítear sa tseirbhís, seirbhísí ar aois scoile a sholáthraíonn seirbhísí aonair agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an tseirbhís mar cheann de roinnt seirbhísí nó cibé acu an seirbhís aonair nó nach seirbhís aonair é.³

Anailís ar thuairiscí

Tugadh faoi anailís chainníochtúil ar na príomhathróa atá ar fáil sna tuairiscí TC agus ODF anuas ar na hathróa siúd atá ar fáil tríd an bpróiseas ceangail sonraí. Gineadh staitisticí tuairisciúla trí úsáid a bhaint as bogearraí staitistiúla R.

Gineadh sampla fánach 500 rialachán as rialacháin agus anailís cháilíochtúil 2018 agus 2019 trí úsáid a bhaint as ábhar agus cuir chuige théamacha faoinar tugadh ar eolas téacsúla a chuirtear i láthair sna tuairiscí. Thacaigh bogearraí taighde cháilíochtúil N-Vivo a úsáid leis an anailís seo. Dhírigh an anailís seo ar neamhchomhlíonadh a thuiscint a sainaithníodh sna tuairiscí agus cuirtear anailís treochtaí i gcigireacht luathbhlianta i rith na tréimhse trí bliana 2017-2019 san áireamh freisin.

Saincheisteanna eiticiúla

Rachadh i ngleic leis na breithnithe eiticiúla go léir a bhaineann le neamhainmníocht agus dea-chleachtas i gcosaint sonraí agus tugadh aire lena chinntiú nach féidir aitheantas seirbhísí aonair a aithint sa tuairisc seo. Tugtar faoi deara, áfach, go bhfuil gach tuairisc a chuirtear san áireamh san anailís seo ar fáil gan srian –trí láithreán gréasáin Tusla (féach: <https://www.tusla.ie/services/preschool-services/creche-inspection-reports/>).

³ Is ionann seirbhís iolrach agus seirbhís ina bhfuil dhá sheirbhís nó níos mó ag an soláthraí cláraithe céanna ar an gclár seirbhísí luathbhlianta.

Mír 3: Torthaí ón anailís ar thuairiscí

Príomhthorthaí

Cigireachtaí gan fhógra a bhí i gceist le 90% de na 1,490 tuairisc chigireachta TC a cuireadh san áireamh san anailís seo

Meastar go bhfuil trí rialachán neamhchomhlíontacha nó níos lú ag tromlach mór na seirbhísí

- Níor sainaithníodh i thart ar 38% (líon = 572) de thuairiscí TC aon rialacháin neamhchomhlíontacha agus sainaithníodh in 45% sa bhreis (líon = 66) de na tuairiscí idir rialachán amháin agus trí rialachán neamhchomhlíontacha.

Tugadh le fios go raibh thart ar dhá thrian de na rialacháin go léir ar a ndearnadh measúnú comhlíontach

- Sainaithníodh go raibh thart ar dhá thrian (64%; líon = 4608) de na rialacháin comhlíontach agus sainaithníodh go raibh 36% (líon = 2583) neamhchomhlíontach.

Déantar measúnú níos minice ar roinnt rialachán ná mar a dhéantar ar chinn eile

- Baineann na rialacháin ba mhinice a measúnaíodh le leibhéil soláthair foirne, bainistíocht agus earcaíocht, agus sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint.

Tá éagsúlacht fhairsing ann sa leibhéal comhlíontach agus neamhchomhlíontach a tugadh le fios maidir leis na rialacháin is minice a dhéantar a mheasúnú

Tugadh éagsúlacht fhorleathan faoi deara sna trí rialachán ba mhinice a measúnaíodh sa chomhréir a thugtar le fios atá neamhchomhlíontach, mar seo a leanas:

- 7% (Rialachán 11, Leibhéal soláthair foirne)
- 45% (Rialachán 9, Bainistíocht agus earcaíocht)
- 72% (Rialachán 23, Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint)

Rialacháin is dóchúla atá neamhchomhlíontach a measúnaíodh i seirbhísí cúraim lae iomláin

- Tá dóchúlacht i bhfad níos mó ann go bhfuil rialacháin a mheasúnaítear i seirbhísí seisiúnacha (71%; líon = 2250) comhlíontach ná iad a mheasúnaítear i seirbhísí cúraim lae iomláin (55%; líon = 1670).

Is dóchúla go bhfuil seirbhísí i gceantar BÁC TT neamhchomhlíontach

- Measadh go raibh trí cheathrú de na rialacháin a measúnaíodh i seirbhísí i Réigiún an Iarthair comhlíontach (73%) agus ba é seo an chomhréir ab airde i measc na réigiún go léir.
- Measadh go raibh an leibhéal ab ísle de chomhlíonadh i rialacháin i seirbhísí i réigiún BÁC TT agus níor measadh go raibh ach 58% de na rialacháin comhlíontach.

Bíonn leibhéal beagán níos airde de neamhchomhlíonadh ann i masc seirbhísí brabúsacha i gcomparáid le seirbhísí seachbhrabúsacha

- Bhí dóchúlacht beagán ní ba mhó ann go measfaí go raibh rialacháin a measúnaíodh i dtuairiscí ar sheirbhísí seachbhrabúsacha (69%; líon = 1154) comhlíontach i gcomparáid le seirbhísí brabúsacha (63%; líon = 3350).

Dá mhéid an tseirbhís is é is airde an leibhéal neamhchomhlíontach

- Ba dhóchúla go measfaí go raibh comhréireanna níos airde de rialacháin neamhchomhlíontacha (e.g. 68% de na rialacháin a measadh a bhí comhlíontach i seirbhísí ina raibh 0-5 fhostaí, i gcomparáid le 55% i seirbhísí ina raibh breis agus 20 fostaí) ag seirbhísí ina raibh líonta níos mó foirne fostaíthe.

Léargas ginearálta ar shonraí

Titeann cigireachtaí amach ar bhonn rialta maidir le seirbhísí cláraithe reatha agus is ionann iad seo agus tromlach mór na gcigireachtaí agus tugtar TCanna ar na tuairiscí cigireachta seo. Cuirtear 1,490 de na saghsanna seo tuairiscí cigireachta (TC) san áireamh san anailís seo. Titeann cigireachtaí amach freisin maidir le hiarratais nua agus i gcásanna áirithe nuair a fhógraíonn seirbhísí athrú ar chúinsí. Tugtar ‘Cigireachtaí ar Oiriúnacht don Fheidhm (ODF)’ orthu seo. Cuirtear na torthaí ó 67 tuairisc maidir leis na saghsanna seo cigireachtaí i láthair sa mhír seo freisin. Cuirtear na torthaí maidir leis an dá shaghas seo de chigireachtaí i láthair go leithligh.


Cur Síos ar thuairiscí TC

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar thuairiscí TC a chuirtear san áireamh san anailís seo i dtaobh dháileadh tíreolaíoch na dtuairiscí agus saintréithe na seirbhísí a chuirtear san áireamh.

Dáileadh tíreolaíoch tuairiscí a chuirtear san áireamh in anailís TC

Tá ceithre limistéar Tusla ina gcuimsítear gach ceann de na 26 contae i bPoblacht na hÉireann (Fíor 1).

Fíor 1 Léarscáil de struchtúr réigiúnach Tusla



Tá an líon is airde 30% de na tuairiscí i limistéar an Iarthair (líon = 445), agus tá an dara líon is airde i mBaile Átha Cliath agus Laighin Láir (BÁCLL) (25%; líon = 375). Bhain thart ar 22% de na

tuairiscí a cuimsíodh san anailís seo le seirbhísí sa Deisceart (líon = 332) agus Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh (BÁCTT) (líon = 338; 23%), faoi seach (Tábla 2).

Tábla 2 Dáileadh tíreolaíoch tuairiscí cigireachta luathbhlianta TC a cuireadh san áireamh san anailís

Réigiún	Dáileadh tíreolaíoch	Líon na dTuairiscí	% na dtuairiscí
Réigiún an Iarthair	An Cabhán, an Clár, Dún na nGall, Gaillimh, Liatroim, Luimneach, Maigh Eo, Ros Comáin, Sligeach, Tiobraid Árann	445	29.9%
Réigiún an Deiscirt	Ceatharlach, Corcaigh, Ciarraí, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann, Port Láirge, Loch Garman	332	22.3%
Réigiún Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh (BÁCTT)	An Cabhán, Baile Átha Cliath, Lú, an Mhí, Muineachán	338	22.7%
Réigiún BÁCLL	Baile Átha Cliath, Cill Dara, Laois, an Longfort, Uíbh Fhailí, an Iarmhí, Cill Mhantáin	375	25.2
Iomlán		1490	100%

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcolún céatadáin agus 100% mar gheall ar shlánú

Saintréithe na seirbhísí

Déantar breithniú anois ar thorthaí a bhaineann le príomh-shaintréithe seirbhísí a chuimsítear san anailís. Áirítear leo seo saghas na seirbhíse, líon na bhfostaithe, anuas ar eolas atá ar fáil trí cheangal sonraí a bhaineann le stádas brabúis na seirbhíse; cibé acu an bhfuil nó mura bhfuil soláthar seirbhíse ar aois scoile ag an tseirbhís agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an tseirbhís mar chuid de sheirbhísí iolracha.

Saghas na seirbhíse

Is féidir seirbhísí a chlárú chun saghas amháin nó níos mó de sheirbhís a sholáthar, ach caithfidh gach ceann príomhshaghas seirbhíse a shainaithint. I measc na saghsanna éagsúla seirbhíse tá an méid seo a leanas:

Seirbhís cúraim lae iomláin: seirbhís réamhscoile a chuireann seirbhís cúraim lae struchtúrach ar fáil do leanaí réamhscoile ar feadh níos faide ná cúig huaire an chloig sa lá, agus féadtar a áireamh leis seirbhís réamhscoile sheisiúnach do leanaí réamhscoile nach bhfreastalaíonn ar an tseirbhís cúraim lae iomláin. Cuimsítear seirbhísí cosúil leo siúd a dtugtar naíolanna lae agus creis lae orthu faoi láthair sa sainmhíniú seo.

Seirbhís réamhscoile sheisiúnach: ciallaíonn seirbhís réamhscoile seirbhís a chuireann clár pleanáilte ar fáil do leanaí réamhscoile ar feadh fad iomlán nach faide ná trí go leith uair an chloig in

aghaidh an tseisiúin. Is féidir réamhscoileanna, grúpaí súgartha, naíolanna, réamhscoileanna Montessori, naíonraí, feighlithe leanaí, nó a mhacasamhail de sheirbhísí a fhreastalaíonn ar leanaí réamhscoile go ginearálta, a áireamh le seirbhísí a thagann faoi chuimsiú an tsainmhínithe thuas.

Seirbhís cúraim lae pháirtaimseartha: seirbhís réamhscoile a chuireann seirbhís cúraim lae struchtúrach ar fáil do leanaí réamhscoile ar feadh fad nach faide ná trí go leith uair an chloig agus ar feadh níos giorra ná cúig huaire an chloig sa lá, agus féadtar a áireamh leis seirbhís réamhscoile sheisiúnach do leanaí réamhscoile nach bhfreastalaíonn ar an tseirbhís cúraim lae iomlán. Is féidir réamhscoileanna, grúpaí súgartha, naíolanna, réamhscoileanna Montessori, naíonraí, feighlithe leanaí, nó a mhacasamhail de sheirbhísí a fhreastalaíonn ar leanaí réamhscoile go ginearálta, a áireamh le seirbhísí a thagann faoi chuimsiú an tsainmhínithe thuas.

Seirbhís feighlíochta leanaí: seirbhís réamhscoile, a bhféadtar a áireamh leis seirbhís thar oíche a chuireann duine ar fáil a thugann aire leis nó léi féin do leanaí réamhscoile, leanaí féin an fheighlí leanaí san áireamh, i dteach an fheighlí leanaí, ar feadh níos faide ná trí huaire an chloig sa lá, ar an iomlán, seachas nuair a bhíonn na díolúintí in Alt 58L de Chuid 1 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013 i gceist.

Seirbhís réamhscoile in ionad buail isteach: seirbhís réamhscoile a chuireann cúram lae ar fáil, nach n-úsáidtear ach ar bhonn eatramhach. Tagraíonn seo do sheirbhís ina dtugtar cúram do leanbh réamhscoile ar feadh tréimhse nach faide ná dhá uair an chloig, fad a chuirtear seirbhís ar fáil don tuismitheoir nó don chaomhnóir nó fad a fhreastalaíonn siad ar imeacht. In ionaid siopadóireachta, ionaid fóillíochta nó i mbunaíochtaí eile, go príomha, a bhíonn na seirbhísí siúd suite, mar chuid de sheirbhís custaiméara/cliaint.


Sainítear dhá shaghas bhreise de sheirbhísí freisin sna rialacháin agus is iad seo:

- **Seirbhís réamhscoile shealadach:** seirbhís réamhscoile nach gcuireann ach cúram lae ar fáil ar bhonn sealadach. Tagraíonn seo do sheirbhís ina dtugtar cúram do leanbh réamhscoile fad a fhreastalaíonn an tuismitheoir nó an caomhnóir ar imeacht aonuaire, cosúil le comhdháil nó imeacht spóirt.
- **Seirbhís réamhscoile thar oíche:** seirbhís ina gcuirtear cúram ar fáil do leanaí réamhscoile ar feadh fad iomlán níos faide ná dhá uair an chloig idir 19:00 agus 06:00, seachas nuair a bhíonn feidhm ag na díolúintí dá bhforáiltear in alt 58L de Chuid 12 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013.

Níl aon seirbhísí réamhscoile thar oíche ar an gclár seirbhísí luathbhlianta agus mar gheall ar an líon an-bheag de sheirbhísí sealadacha, níl aon tuairiscí curtha san áireamh san anailís seo.

Tagraíonn beagnach leath na dtuairiscí a chuimsítear san anailís do sheirbhís sheisiúnach (49%; líon = 730). Is é an dara líon is mó tuairiscí iad siúd ar sheirbhísí cúraim lae iomlán arb ionann iad agus 37.1% (líon = 553) de na tuairiscí agus seirbhísí páirtaimseartha arb ionann iad agus 10.9% (líon = 163) de na tuairiscí. Tagraíonn fuilleach na dtuairiscí do sheirbhísí feighlí leanaí (2.8%; líon = 41) agus seirbhísí buail isteach (0.2%; líon = 3) (Fíor 2).

Fíor 2 Céatadán na seirbhísí de réir saghsanna éagsúla



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Méid na seirbhísí

Úsáidtear an líon foirne a fhostaítear i seirbhísí mar athróg ionadach lena thabhairt le fios méid na seirbhísí a chuirtear san áireamh san anailís seo agus tugann na torthaí le fios gur bhain breis agus dhá thrian de na tuairiscí le seirbhísí a fhostaíonn idir 0 agus 5 bhall foirne (66.4%; líon = 990). Thug 17% (líon = 254) sa bhreis de sheirbhísí le fios go bhfostaíonn siad idir 6 agus 10 nduine. Níor tugadh le fios ach in 13% de na tuairiscí go raibh idir 11 agus 20 fostaí acu agus tugadh le fios in 3.5% (líon = 52) go raibh breis agus 20 fostaí acu (Tábla 3).

Tábla 3 An líon foirne a fhostaítear i seirbhísí


An líon foirne a fhostaítear	Líon na dtuairiscí	% na dtuairiscí
Idir 0 agus 5	990	66.4%
Idir 6 agus 10	254	17%
Idir 11 agus 20	194	13%
Níos mó ná 20	52	3.5%
Iomlán	1490	100%

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na geolún céatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Stádas brabúsach/seachbhrabúsach

Bhí eolas ar fáil ar an stádas brabúis maidir le 1,460 tuairisc agus astu seo, sainathnódh na seirbhísí (75.7%; líon = 1106) i thart ar thrí cheathrú díobh go raibh siad cláraithe mar sheirbhísí 'brabúsacha' agus bhí an fuilleach díobh (24.3%; líon = 354) cláraithe mar sheirbhísí seachbhrabúsacha (Fíor 3).

Fíor 3 Stádas brabúsach/seachbhrabúsach seirbhísí a chuirtear san áireamh san anailís seo



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Seirbhísí ar aois scoile

Bhí eolas ar fáil ar 1,363 tuairisc maidir le cibé acu ar chuir nó nár chuir an tseirbhís seirbhísí ar aois scoile ar fáil agus tugann na torthaí le fios go sainaithnítear in 41.9% (líon = 572) de na tuairiscí soláthar an tsaghais seo seirbhíse agus ní shainaithnítear in 58% (líon = 791) go soláthraítear an an saghas seo seirbhíse.

Tugann na torthaí le fios go gcuireann beagán de bhreis ar an tríú cuid de thuairiscí san anailís seo ar sheirbhísí i Réigiún an Iarthair (líon = 200; 35%) cúram ar aois scoile ar fáil i gcomparáid le níos lú ná tuairisc amháin as cúig thuairisc i réigiún BÁCCT (líon = 19.1%; líon = 109) (Tábla 4).

Tábla 4 Dáileadh réigiúnach an tsoláthair ar aois scoile i seirbhísí ar a ndearnadh cigireacht


	% de sheirbhísí ar aois scoile	Líon na seirbhísí ar aois scoile
Réigiún BÁCCL	24.7%	141
Réigiún BÁCCT	19.1%	109
An Deisceart	21.2%	122
An tIarthar	35%	200
Iomlán	100%	572

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Seirbhísí a cláraíodh mar sheirbhís amháin de sheirbhísí iolracha

Tagraítear in beagnach 200 tuairisc (líon = 199; 13.7%) de na 1,445 tuairisc ina raibh eolas ar fáil ar an gclár gur sheirbhís amháin de sheirbhísí iolracha atá sa tseirbhís. Tagraíodh i mbreis agus an tríú cuid de na tuairiscí seo (36.6%; líon = 73) do sheirbhísí i Réigiún BÁCCL, 30% (líon = 59) i Réigiún BÁCCT, 19% (líon = 39) i Réigiún an Iarthair agus 14% (líon = 28) i réigiún an Deiscirt (Fíor 4).

Fíor 4 Dáileadh Réigiúnach seirbhísí ar sheirbhís amháin iad de sheirbhísí iolracha a cuireadh san áireamh san anailís ar thuairiscí



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh

Déantar breithniú anois ar chomhlíonadh maidir leis na tuairiscí TC (líon = 1490) agus na rialacháin (líon = 7191) a cuimsíodh iontu.

Líon na rialachán ar a ndearnadh measúnú

Áiríodh measúnuithe le thart ar leath na dtuairiscí maidir le cúig (33.5%; líon = 2410) nó sé (20.7%; líon = 1488) de na rialacháin agus áiríodh naoi rialachán le 9% (líon = 66) sa bhreis de na tuairiscí. Níor áiríodh measúnuithe ach le 5% (líon = 353) de na tuairiscí as 10 rialachán nó níos mó (Tábla 5).

Tábla 5 Líon agus céatadán na rialachán ar a ndearnadh measúnú i dtuairiscí

Líon na rialachán ar a ndearnadh measúnú	Líon na rialachán	% na dtuairiscí
1	5	0.1
2	586	8.1
3	501	7
4	232	3.2
5	2410	33.5
6	1488	20.7
7	630	8.8
8	320	4.5
9	666	9.3
10	220	3.1
11	44	0.6
12	48	0.7
13	26	0.4
15	15	0.2
lomlán	7191	100%

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh de réir tuairiscí ar chigireachtaí


Níor sainaithníodh aon rialacháin neamhchomhlíontacha in thart ar 38% (líon = 572) de na 1,490 tuairisc TC agus sainaithníodh idir rialachán neamhchomhlíontach amháin agus trí cinn in 45% sa bhreis (líon = 667).

As na 7,191 rialachán, measadh go raibh thart ar dhá thrían (64%; líon = 4608) comhlíontach agus 36% (líon = 2583) neamhchomhlíontach.

Idir 0 agus 15 a bhí réimse na rialachán neamhchomhlíontach sna tuairiscí aonair agus ba é an meánlíon 1.73 rialachán. Níor sainaithníodh i thart ar 38% (líon = 572) de thuairiscí aon rialacháin neamhchomhlíontacha agus sainaithníodh in 45% sa bhreis (líon = 66) de na tuairiscí idir rialachán amháin agus trí rialachán neamhchomhlíontacha. Sainaithníodh i gceathair déag faoin gcéad de na

tuairiscí cigireachta idir ceithre agus sé rialachán neamhchomhlíontacha agus áiríodh idir seacht agus 15 rialachán neamhchomhlíontacha le 3% (Fíor 5).

Fíor 5 Céatadán na seirbhísí de réir líon na rialachán neamhchomhlíontach




Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Cigireacht ar tugadh nó nár tugadh fógra fúithi

Cigireachtaí gan fhógra (is é sin, níor tugadh fógra roimh an gcigireacht) a bhí i gceist le thart ar 90% (líon = 1343) de na tuairiscí TC a cuireadh san áireamh san anailís seo agus níor tugadh fógra ach i gcás 10% díobh (9.9%; líon = 147) (i.e. tugadh fógra roimh an gcigireacht). Ba é líon na rialachán ar a ndearnadh measúnú laistigh de na cigireachtaí 6,346 (níor tugadh fógra agus b'ionann iad agus 88.2%) agus ba é líon na rialachán ar a ndearnadh measúnú i gcigireachtaí ar tugadh fógra fúthu agus 845 (11.8%).

Bhí breis agus trí cheathrú de na rialacháin (77.4%; líon = 654) a measúnaíodh i rith cigireachtaí ar tugadh fógra fúthu comhlíontach agus bhí 22.6% (líon = 191) neamhchomhlíontach de réir measúnú a rinneadh. B'ísle an chomhréir a measadh a bhí comhlíontach i rith cigireachtaí gan fhógra (62.3%; líon = 3954) agus b'airde an chomhréir a measadh a bhí neamhchomhlíontach (37.7%; líon = 2392) (Fíor 6).

Figiúr 6 Leibhéil chomhlíonta agus neamhchomhlíonta de réir cibé acu ar tugadh nó nár tugadh fógra faoin gcigireach



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Torthaí de réir rialacháin aonair

Cuirtear i láthair sa mhír seo na torthaí maidir leis na rialacháin is dóchúla a dhéanfar a mheasúnú agus na leibhéil chomhlíonta agus neamhchomhlíonta de réir rialacháin aonair (Fíor 7).

Fíor 7 Rialacháin is dóchúla a dhéanfar a mheasúnú

Na rialacháin ba dhóchúla a measúnaíodh

- Rialachán 11 (Leibhéil soláthair foirne)
- Rialachán 9 (Bainistíocht agus earcaíocht)
- Rialachán 23 (Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint)
- Rialachán 26 (Bearta sábháilteachta ó dhóiteán)
- Rialachán 25 (Garchabhair), agus
- Rialachán 19 (Sláinte, leas agus forbairt an linbh).

I measc na rialachán is lú is dóchúil go ndéanfar measúnú orthu, tá Rialachán 17 (Eolas do thuismitheoirí), Rialachán 24 (Seiceáil isteach agus amach agus an taifead ar fhreastal), Rialachán 31 (Teagmhais a fhógairt), Rialachán 13 (Seirbhísí réamhscoile sealadacha agus seirbhísí réamhscoile i seirbhísí buail isteach), Rialachán 32 (Gearáin) agus Rialachán 10 (Beartais, nósanna imeachta etc. seirbhíse réamhscoile) (Tábla 6).

Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh de réir rialacháin aonair

Bhí éagsúlacht fhairsing ann sa leibhéal comhlíonta a tugadh le fios maidir leis na rialacháin is minice a dhéantar a mheasúnú. Measadh go raibh breis agus 90% de na 1,482 measúnú a rinneadh ar Rialachán 11 (Leibhéil soláthair foirne), mar shampla, comhlíontach agus cuirtear seo i gcomparáid le céatadán ach 54.6% de na 1,106 measúnú Rialachán 9 (Bainistíocht agus earcaíocht) a rinneadh (Tábla 6).

Tábla 6 An céatadán de chomhlíonadh agus neamhchomhlíonadh agus de rialacháin a measúnaíodh i dtuairiscí 2018

Uimhir an rialacháin	An rud ar a ndíríonn an rialachán	% comhlíontach	% neamhchomhlíontach	Líon na n-uaireanta a rinneadh measúnú ar an rialachán
8	Athrú ar chúinsí a fhógairt	0%	100%	60
9	Bainistíocht agus earcaíocht	54.6%	45.4%	1106
10	Beartais, nósanna imeachta agus ráitis seirbhíse réamhscoile	62.5%	37.5%	8
11	Leibhéil Soláthair Foirne	92.6%	7.4%	1482
12	Feighlithe Leanaí	84.1%	15.9%	44
13	Seirbhísí réamhscoile sealadacha agus seirbhísí réamhscoile in ionaid buail isteach	100%	0%	4
15	Taifead ar leanbh réamhscoile	0%	100%	11
16	Taifead maidir le seirbhís réamhscoile	9.5%	90.5%	116
17	Eolas do thuismitheoirí	50%	50%	2
19	Sláinte, leas agus forbairt an linbh	73.7%	26.3%	816
20	Áiseanna le haghaidh scíthe agus súgartha	39.7%	60.3%	131
21	Trealamh agus ábhair	9.1%	90.9%	11
22	Bia agus deoch	35.7%	64.3%	14
23	Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint	28.1%	71.9%	1041
24	Seiceáil isteach agus amach agus taifead ar fhreastal	0%	100%	3
25	Garchabhair	81%	19%	930
26	Bearta sábháilteachta ó dhóiteán	74.9%	25.1%	935
27	Maoirseacht	25.9%	74.1%	27

28	Árachas	76.8%	23.2%	95
29	Áitreabh	14.8%	85.2%	243
30	Riachtanais spáis íosta	49%	51%	100
31	Teagmhais a fhógairt	25%	75%	4
32	Gearáin	37.5%	62.5%	8
Iomlán		64%	36%	7191


Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh rialála de réir shaghas seirbhísí

Cuirtear i láthair i bhFíor 8 na torthaí de réir shaghas na seirbhíse ar a ndearnadh cigireacht. Tugtar faoi deara gurb an-éagsúil líon na rialachán a chuimsítear san anailís seo de réir shaghas na seirbhíse agus ba cheart seo a chur san áireamh nuair a bhíonn na torthaí seo á léirithiú ar bhealach ar bith.

Is ionann dhá shaghas seirbhísí agus 86.4% (líon = 6216) de na 7,191 rialachán go léir a chuimsítear san anailís seo agus seirbhísí seisiúnacha (líon = 31) agus seirbhísí cúraim lae iomláin (líon = 3037) iad seo. Tá dóchúlacht i bhfad níos mó ann go bhfuil rialacháin a mheasúnaítear i seirbhísí seisiúnacha (70.8%; líon = 2250) comhlíontach ná iad a mheasúnaítear i seirbhísí cúraim lae iomláin (55%; líon = 1670), faoi seach. Is dóchúla go bhfuil iad siúd a mheasúnaítear i seirbhísí buail isteach comhlíontach (83.3%) cé gurb íseal don mhéid rialachán a measúnaíodh sa saghas seo seirbhíse (líon = 15).

Fíor 8 Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh de réir shaghas na seirbhíse



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh de réir réigiúin

Measadh go raibh trí cheathrú de na rialacháin a measúnaíodh i dtuairiscí ar sheirbhísí i Réigiún an Iarthair comhlíontach (73.3%; líon = 1222) agus ba é seo an chomhréir ab airde i measc na réigiún go léir. Measadh go raibh an leibhéal ab ísle de chomhlíonadh ann i rialacháin i dtuairiscí ar sheirbhísí i gceantar BÁC'TT agus níor measadh go raibh ach 57.9% (líon = 1110) de na rialacháin comhlíontach. Sainaithníodh go raibh beagán de bhreis ar 60% (60.8%; líon = 1177) de na rialacháin a measúnaíodh i dtuairiscí ar sheirbhísí i réigiún BÁC'LL comhlíontach agus measadh go raibh thart ar dhá thrian díobh siúd a bhaineann le seirbhísí i gceantar an Deiscirt (66; líon = 1099) comhlíontach (Tábla

Tábla 7 Céatadán na rialachán a measadh a bhí comhlíontach/neamhchomhlíontach de réir réigiúin


Réigiún	Comhlíontach	Líon na rialachán comhlíontach	Neamhchomhlíontach	Líon na rialachán neamhchomhlíontach	Líon iomlán na rialachán ar a ndearnadh measúnú
BÁCLL	60.8%	1177	39.2%	760	1937
BÁCTT	57.9%	1110	42.1%	808	1918
An Deisceart	65.8%	1099	34.2%	571	1670
An tIarthar	73.3%	1222	26.7%	444	1666
Iomlán	64.1%	4608	35.9%	2583	7191

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh de réir stádas brabúsach/seachbhrabúsach

Sainithníodh an stádas brabúsach/seachbhrabúsach maidir le 7,014 rialachán Measadh go raibh comhréir níos airde de rialacháin a measúnaíodh i seirbhísí seachbhrabúsacha comhlíontach i gcomparáid le seirbhísí brabúsacha. As na 1,668 rialachán a measúnaíodh i seirbhísí seachbhrabúsacha, sainithníodh go raibh beagnach 69.2% (líon = 1154) comhlíontach agus cuirtear seo i gcomparáid le 62.7% (líon = 3350) de na 5,346 rialachán a measúnaíodh i seirbhísí brabúsacha (Fíor 9).

Fígiúr 9 Céatadán na rialachán comhlíontach agus neamhchomhlíontach a measúnaíodh i seirbhísí brabúsacha agus seirbhísí seachbhrabúsacha



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh de réir cibé acu ar thit an chigireacht amach i seirbhís a bhí cláraithe mar sheirbhís amháin de sheirbhísí iolracha nó a bhí cláraithe mar sheirbhís aonair

Bhí eolas ar fáil ar 6,971 rialachán maidir le cibé acu an raibh nó nach raibh an tseirbhís cláraithe mar sheirbhís amháin de sheirbhísí iolracha nó mar sheirbhís aonair. Rinneadh beagán de bhreis ar 1,000 rialachán (líon = 1028) a mheasúnú i dtuairiscí ar sheirbhísí a bhí cláraithe mar sheirbhís amháin de sheirbhísí iolracha agus bhí beagnach 6,000 (líon = 5943) rialachán i dtuairiscí ar sheirbhísí a bhí cláraithe mar sheirbhís aonair. Measadh go raibh thart ar 59.4% (líon = 611) de na rialacháin i seirbhísí cláraithe mar sheirbhís amháin de sheirbhísí iolracha comhlíontach i gcomparáid le 64.9% (líon = 3858) de na rialacháin a measúnaíodh i seirbhísí a bhí cláraithe mar sheirbhís aonair (Tábla 8).

Tábla 8 Céatadán agus líon na rialachán comhlíontach agus neamhchomhlíontach i rialacháin le haghaidh seirbhísí atá cláraithe mar sheirbhís iolrach nó aonair

Saghas na seirbhíse	% na rialachán comhlíontach	Líon na rialachán comhlíontach	% na rialachán neamhchomhlíontach	Líon na rialachán neamhchomhlíontach	Líon iomlán na rialachán
Ní seirbhís iolrach é	64.9%	3858	35.1%	2085	5943
Is seirbhís iolrach é	59.4%	611	40.6%	417	1028
Iomlán	64.1%	4469	35.9%	2502	6971

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh de réir mhéid na seirbhíse

Ba dhóchála go gcuirfeadh comhréireanna níos airde de rialacháin a measadh a bhí comhlíontach i dtuairiscí ar sheirbhísí ina raibh líonta níos lú foirne fostaithe. Measadh go raibh breis agus dhá thrían (67.6%; líon = 3012) de na rialacháin a measadh a bhí comhlíontach i dtuairiscí ar sheirbhísí ina raibh 0-5 fhostaí i gcomparáid le 60.3% (líon = 817) i seirbhísí ina raibh 6-10 bhfostaí agus 56.8% (líon = 614) ar sheirbhísí ina raibh 11-20 fostaí. Cé nár measadh go raibh ach 55% (líon = 165) de na rialacháin comhlíontach i seirbhísí ina bhfuil níos mó ná 20 fostaí, ba bheag don líon foriomlán rialachán (líon = 299) a measúnaíodh i measc seirbhísí den mhéid seo (Tábla 9).

Tábla 9 Céatadán na rialachán comhlíontach agus neamhchomhlíontach de réir líon na bhfostaithe sa tseirbhís

Líon na bhfostaithe	% na rialachán comhlíontach	Líon na rialachán comhlíontach	% na rialachán comhlíontach	Líon na rialachán neamhchomhlíontach	Líon iomlán na rialachán
0-5 fhostaí	67.6%	3012	32.4%	1443	4455
6-10 bhfostaithe	60.3%	817	39.7%	539	1356
11-20 fostaí	56.8%	614	43.2%	467	1081
Níos mó ná 20 fostaí	55.2%	165	44.8%	134	299
Iomlán	64.1%	4608	35.9%	2583	7191

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Achoimre ar thorthaí a eascraíonn as tuairiscí TC 2018 a cuireadh san áireamh san anailís

Cuireadh 1,490 tuairisc TC ar chigireachtaí san áireamh san anailís roimhe seo agus rinneadh breis agus 90% de na cigireachtaí seo gan fhógra. Níor cuireadh aon rialacháin neamhchomhlíontacha san áireamh i mbeagán de bhreis ar an tríú cuid de na tuairiscí, agus cuireadh idir rialachán amháin agus trí rialachán neamhchomhlíontacha san áireamh in 45% sa bhreis de na tuairiscí. Ar an iomlán, measadh go raibh thart ar dhá thríú de na rialacháin (64.1%) comhlíontach. Tugadh éagsúlacht fhorleathan faoi deara sna trí rialachán ba mhinice a measúnaíodh sa leibhéal neamhchomhlíonta idir 7% (Rialachán 11, leibhéil soláthair foirne), agus 45% (Rialachán 9, bainistíocht agus earcaíocht agus 72% (Rialachán 23, sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint).

Is iad na seirbhísí is dóchúla a mheastar atá neamhchomhlíontach seirbhísí cúraim lae iomláin (45%), seirbhísí i Réigiún BÁCTT (42.1%), seirbhísí brabúsacha (37.3%) agus seirbhísí níos mó (44.8% i seirbhísí ina bhfuil breis agus 20 fostaí).

Tuairiscí cigireachta ar Oiriúnacht don Fheidhm (Fit for Purpose, ODF) 2018

Cuirtear i láthair sa mhír seo na torthaí a bhaineann le cigireachtaí ODF.

Príomhphointí

Cuirtear seasca a seacht tuairisc ar chigireachtaí ODF inar cuimsíodh 672 rialachán san áireamh san anailís seo.

Tá leibhéil níos airde comhlíonta i dtuairiscí ar chigireachtaí ODF i gcomparáid le tuairiscí TC

- Measadh go raibh 85% (líon = 571) de na rialacháin comhlíontach.
- Ba é 8.52 an meánlíon rialacháin chomhlíontacha agus idir 3 agus 11 a bhí líon na rialachán comhlíontach i dtuairiscí.
- Ba é 1.51 an meánlíon rialacháin neamhchomhlíontacha agus idir 0 agus 7 a bhí líon na rialachán neamhchomhlíontach i dtuairiscí aonair.
- Níor cuireadh aon rialacháin neamhchomhlíontacha i dtaifead in thart ar leath na dtuairiscí go léir agus cuireadh idir 1 (líon = 8; 11.9%) agus 2 (líon = 10; 14.9%) rialachán neamhchomhlíontacha i gcuntas sa cheathrú cuid díobh.

Sainaithníodh go raibh Rialachán 23 (Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint) neamhchomhlíontach in 40% de na tuairiscí

- Sainaithníodh go raibh Rialachán 23 (Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint) neamhchomhlíontach in 27 tuairisc.
- Ba iad na Rialacháin ba dhóchúla a thabharfaí le fios a bhí comhlíontach Rialachán 22 (Bia agus deoch), inar measadh go raibh na seirbhísí go léir comhlíontach agus leibhéil soláthair foirne, nár sainaithníodh go raibh ach dhá sheirbhís (3%) neamhchomhlíontach.

Léargas Ginearálta

Déantar sainmhíniú i Rialacháin 2016 ar an mbrí atá le seirbhís luathbhlianta agus na riachtanais le haghaidh clárú. Caithfidh seirbhís luathbhlianta a bheartaítear iarratas a dhéanamh ar Tusla go gcuirtear é ar an gclár seirbhísí atá faofa chun oibriú. Déantar cur síos i Rialachán 6 ar an bpróiseas iarratais. Teastaíonn Cigireacht ODF don mhéid seo a leanas:

- Iarratas ar sheirbhís nua
- Tháinig athrú ar chúinsí mar gheall go ndearnadh athrú ar an áitreabh:
 - Athrú ar an áitreabh/an láthair
 - Rinneadh athruithe struchtúracha/cuireadh síneadh leis an áitreabh
 - Rinneadh roinnt athruithe ar shaghas na seirbhíse
 - Beartaíodh athrú mór a dhéanamh a mhéadaíonn an méid leanaí a fhreastalaíonn ar sheirbhís
- Athrú ar phróifíl aoise faoi chúinsí áirithe (e.g. nuair a laghdaítear an raon aoise a bhfuil cúram á thabhairt dó)
- Méadú ar an méid leanaí a bhfuil cúram á thabhairt dóibh

Tugtar fógra faoi gach cigireacht ODF agus titeann siad amach trí choinne nuair nach bhfuil leanaí i láthair.

An próiseas i ndiaidh gur críochnaíodh an chigireacht ODF

Nuair a críochnaíodh an chigireacht, cuirtear seisiún clabhsúir ar siúl leis an soláthraí cláraithe a bheartaítear agus/nó leis an duine i gceannas agus cuirfear ar an eolas ó bhéal iad ar thorthaí na cigireachta. I ndiaidh na cigireachta, déanfaidh an Cigire Luathbhlianta an méid seo a leanas:

- An dréacht-tuairisc chigireachta ODF a líonadh.
- An dréacht-tuairisc chigireachta fhaofa a eisiúint don soláthraí cláraithe a bheartaítear go ndéanfar seiceáil air maidir le cruinneas fíriciúil. Má tá riachtanais ann le haghaidh clárú nár sásaíodh go dtí seo, eisítear riachtanas cláraithe (Foirm 4) don soláthraí a bheartaítear.
- Má thugtar saincheisteanna chun solais laistigh den dréacht-tuairisc chigireachta ar gá iad a réiteach, caithfidh an soláthraí seirbhíse luathbhlianta a bheartaítear fianaise thacaíochta a sholáthar a léiríonn conas a ndeachthas i ngleic leis na saincheisteanna seo.
- An tuairisc dheiridh a ullmhú a sheoltar chuig an mbainisteoir Cigireachta agus Cláraithe atá le cur faoi bhráid phainéal cláraithe réigiúnaigh luathbhlianta Tusla.


Cur Síos ar na tuairiscí cigireachta ODF a chuirtear san áireamh san anailís seo

Cuirtear anailís i láthair sa mhír seo ar thuairiscí cigireachta ODF a chuirtear san áireamh san anailís seo agus cuirtear san áireamh ann dáileadh tíreolaíoch agus saintréithe na seirbhísí a chuirtear san áireamh.

Dáileadh tíreolaíoch tuairiscí a chuirtear san áireamh in anailís ODF

Thit an chomhréir ab airde de thuairiscí ODF ar chigireachtaí amach i réigiún an Iarthair (39%; líon = 26) agus i BÁCLL (30%; líon = 20). Baineann deich gcinn (15%) agus 11 cheann (16%) de na tuairiscí a chuirtear san áireamh san anailís seo le seirbhísí i réigiúin BÁCCT agus an Deisceart, faoi seach (Fíor 10).

Fíor 10 Céatadán na dtuairiscí ar chigireachtaí ODF de réir réigiúin



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Saintréithe na seirbhísí

Cuirtear anailís i láthair anois ar shaghas na seirbhíse, méid na seirbhísí, anuas ar eolas atá ar fáil trí cheangal sonraí a bhaineann le stádas brabúis na seirbhíse; cibé acu an bhfuil nó mura bhfuil soláthar seirbhíse ar aois scoile ag an tseirbhís agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an tseirbhís cláraithe mar chuid de sheirbhísí iolracha nó mar sheirbhís aonair.

Saghas na seirbhíse

Cuirtear saghas na seirbhísí a mbaineann na 67 tuairisc seo leo i láthair i dTábla 10. Tagraíonn tromlach na dtuairiscí (40.3%; líon = 27) do chigireachtaí ODF a thit amach i seirbhísí seisiúnacha agus bhain thart ar an tríú cuid díobh (32.8%; líon = 22) le seirbhísí cúraim lae iomláin. Tagraíonn 19.4% (líon = 13) sa bhreis díobh do sheirbhísí páirtaimseartha agus ní thagraíonn ach cúig (7.5%) thuairisc do sheirbhísí feighlíochta leanaí.

Tábla 10 Líon agus céatadán na dtuairiscí de réir shaghas na seirbhíse


Saghas na seirbhíse	Líon na dtuairiscí	% na dtuairiscí
Feighlí leanaí	5	7.5
Lá Iomlán	22	32.8
Páirtaimseartha	13	19.4
Seisiúnach	27	40.3
Iomlán	67	100

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Méid na seirbhísí

Tagraíonn tromlach mór na dtuairiscí (82.1%; líon = 55) san anailís seo do sheirbhísí ina bhfuil idir 0 agus 5 fhostaí. Tagraíonn breis agus seirbhís amháin as gach 10 seirbhís (13.4%; líon = 9) do sheirbhísí ina bhfuil idir 6 agus 10 bhfostaí agus tagraíonn 4.5% (líon = 3) do sheirbhísí ina bhfuil idir 11 agus 20 fostaí. Níor cuireadh aon tuairisc ar sheirbhís ina raibh breis agus 20 fostaí san áireamh (Fíor 11).

Fíor 11 Líon na bhfostaithe de réir tuairiscí ODF



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Saintréithe eile

Tugadh le fios gur sheirbhísí brabúsacha a bhí i gceist le gach seirbhís a bhfuil eolas ar fáil fúthu (líon = 52). Ní raibh eolas ar fáil maidir le seirbhísí ar aois scoile ach do 20 tuairisc agus tugadh le fios, astu seo, go raibh seirbhís ar aois scoile á cur ar fáil ag 60% (líon = 12) díobh seo. Thagair thart ar 46% (líon = 16) de na 35 tuairisc a raibh eolas ar fáil dóibh do sheirbhís a bhí cláraithe mar sheirbhís amháin de sheirbhísí iolracha.

Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh maidir le tuairiscí OD F

Cuirtear torthaí i láthair anois a bhaineann le comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh a eascraíonn as tuairiscí ar chigireachtaí ODF. Is é líon iomlán na rialachán a chuirtear san áireamh san anailís seo 672. Ar an meán, rinneadh measúnú ar 10 rialachán i rith cigireacht ODF cé gur idir 8 agus 11 a bhí an méid rialachán a rinneadh. Cuirtear torthaí i láthair maidir le comhlíonadh i dtaobh tuairiscí aonair i bhFíor 12.

Fíor 12 Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh i dtuairiscí ODF

Ba é 8.52 an meánlíon rialacháin chomhlíontacha i dtuairiscí agus idir 3 agus 11 a bhí líon na rialachán comhlíontach i dtuairiscí aonair	Ba é 1.51 an meánlíon rialacháin neamhchomhlíontacha agus idir 0 agus 7 a bhí líon na rialachán neamhchomhlíontach i dtuairiscí aonair	Níor cuireadh aon rialacháin neamhchomhlíontacha i dtaifead in beagnach leath na dtuairiscí (líon = 33; 49.3%) agus cuireadh idir 1 agus 3 rialachán neamhchomhlíontacha i gcuntas sa tríú cuid (34.3%; líon = 23) eile de na tuairiscí
---	--	---

Ba é an méid ab airde de rialacháin chomhlíontacha a tugadh le fios 11 (líon = 4; 6%). Lean 10 rialachán chomhlíontacha é seo a tuairiscíodh maidir le 42% de na tuairiscí (líon = 28). Ní dhearnadh measúnuithe ar bhreis agus 3 rialachán neamhchomhlíontacha ach i gcás 16.4% de na tuairiscí ODF (Tábla 11).

Tábla 11 Líon na rialachán neamhchomhlíontach de réir líon na dtuairiscí


Líon na rialachán neamhchomhlíontach	Líon na dtuairiscí ODF	% na dtuairiscí ODF
Rialacháin neamhchomhlíontacha ar bith	33	49.3
Idir 1 agus 3 rialachán neamhchomhlíontacha	23	34.3
Idir 4 agus 6 rialachán neamhchomhlíontacha	9	13.4
7 rialachán neamhchomhlíontacha nó níos mó	2	3
Iomlán	67	100

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Rialacháin a chomhlíonadh

Rinneadh measúnú ar 672 rialachán, ar an iomlán, agus astu seo, sainaithníodh go raibh 85% (líon = 571) comhlíontach agus sainaithníodh go raibh 15% (líon = 101) neamhchomhlíontach (Fíor 13).

Fíor 13 Comhréir na rialachán comhlíontach agus neamhchomhlíontach i dtaifid ODF



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Rialacháin is dóchúla atá comhlíontach

Idir 59.7% agus 100% a bhí an leibhéal comhlíonta, ar an iomlán, maidir le rialacháin aonair. Sainaithníodh go raibh Rialachán 23 (Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint) neamhchomhlíontach in 27 tuairisc (40.3%), go raibh Rialachán 29 (Áitreabh) neamhchomhlíontach in 18 dtuairisc agus go raibh Rialachán 20 (Áiseanna le haghaidh scíthe agus súgartha) neamhchomhlíontach i 16 thuairisc (23.9%).

Tugadh le fios go raibh na measúnuithe go léir a rinneadh ar Rialachán 30 comhlíontach. Cé gurbh amhlaidh an cás maidir le Rialachán 22 (Bia agus deoch), níor cuireadh measúnú san áireamh ar an rialachán seo ach i gceithre thuairisc (Tábla 12).

Tábla 12 An céatadán comhlíonta agus neamhchomhlíonta de réir uimhir an rialacháin

Uimhir an rialacháin	An rud ar a ndíríonn an rialachán	% comhlíontach	Líon na dtuairiscí	% neamhchomhlíontach	Líon na dtuairiscí	Líon iomlán na dtuairiscí
6	Clárú	95.5%	64	4.5%	3	67
9	Bainistíocht agus earcaíocht	95.5%	63	4.5%	3	66
11	Leibhéil soláthair foirne	97%	65	3%	2	67
20	Áiseanna le haghaidh scíthe agus súgartha	76.1%	51	23.9%	16	67
22	Bia agus deoch	100%	4	0%	0	4
23	Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint	59.7%	40	40.3%	27	67
25	Garchabhair	88.1%	59	11.9%	8	67
26	Bearta sábháilteachta ó dhóiteán	82.1%	55	17.9%	12	67
28	Árachas	82.1%	55	17.9%	12	67
29	Áitreabh	73.1%	49	26.9%	18	67
30	Riachtanais spáis íosta	100%	66	0%	0	66
Iomlán		85%	571	15%	101	672

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Achoimre

Go hachomair, rinneadh anailís ar 67 tuairisc ODF agus léiríonn na torthaí gur dhóchúla a mheasfaí go mbeadh seirbhísí agus rialacháin comhlíontach sa saghas seo cigireachta i gcomparáid le TC. B'ionann an meánlíon rialachán ar a ndearnadh measúnú agus thart ar 10, agus idir 8 agus 11 rialachán a bhí an líon. Laistigh den líon seo, bhí idir 3 agus 11 de na rialacháin comhlíontach (ba é an meánlíon 8.52), agus bhí idir 0 agus 7 de na rialacháin neamhchomhlíontach (ba é an meánlíon 1.51). Ar an iomlán, tugadh le fios go raibh 85% de na rialacháin ar a ndearnadh measúnú comhlíontach.

Sainaithníodh Rialachán 22 (Bia agus deoch) agus Rialachán 30 (Riachtanais spáis íosta) amhail bheith comhlíontach i ngach cás a measúnaíodh sna tuairiscí ODF a cuireadh san áireamh san anailís seo. Sainaithníodh an leibhéal ab ísle de chomhlíonadh maidir le Rialachán 23 (Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint) nár sainaithníodh é ach i mbeagán faoi bhun de 60% (59.7%; líon = 40) de na tuairiscí.

Mír 4: Torthaí ón anailís ar thuairiscí cigireachta 2019



Príomhthorthaí

Cigireachtaí gan fhógra a bhí in 88% de na 1,327 tuairisc chigireachta TC a chuirtear san áireamh san anailís seo

Meastar go raibh trí rialachán neamhchomhlíontacha nó níos lú ag tromlach mór na dtuairiscí

- Níor cuireadh aon rialacháin neamhchomhlíontacha i dtaifead i thart ar an tríú cuid de na tuairiscí TC (líon = 484; 36.5%) agus cuireadh idir 1 agus 3 rialachán neamhchomhlíontacha i gcuntas in 43.5% (líon = 577) eile de na tuairiscí.

Tugadh le fios go raibh breis agus dhá thrían (68%) de na rialacháin go léir ar a ndearnadh measúnú comhlíontach

- Sainaithníodh go raibh dhá thrían (68%; líon = 5449) de na rialacháin comhlíontach agus sainaithníodh go raibh 32% (líon = 2534) neamhchomhlíontach.

Bhain na rialacháin ba mhinice a measúnaíodh le leibhéil soláthair foirne, bainistíocht agus earcaíocht, agus sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint

- Tugadh éagsúlacht fhorleathan faoi deara sna trí rialachán ba mhinice a measúnaíodh sa chomhréir a thugtar le fios atá comhlíontach, mar seo a leanas:
- 91.7% (Rialachán 11, Leibhéil soláthair foirne)
- 69% (Rialachán 9, Bainistíocht agus earcaíocht)
- 36.7% (Rialachán 23, Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint)

Is dóchála go meastar go bhfuil rialacháin i dtuairiscí ar chúram lae iomlán neamhchomhlíontach ná iad siúd i seirbhísí seisiúnacha

- Tá dóchúlacht i bhfad níos mó ann go bhfuil rialacháin a mheasúnaítear i seirbhísí seisiúnacha (75.1%) comhlíontach ná iad siúd a mheasúnaítear i seirbhísí cúraim lae iomlán (58.3%)

Ba dhóchúla go measfaí go bhfuil rialacháin i dtuairiscí ar sheirbhísí ó Réigiún an Iarthair comhlíontach

- Measadh go raibh breis agus trí cheathrú de na rialacháin a measúnaíodh i seirbhísí i Réigiún an Iarthair comhlíontach (77.4%) agus ba é seo an chomhréir ab airde i measc na réigiún go léir.
- Measadh go raibh an leibhéal ab ísle de chomhlíonadh i rialacháin i seirbhísí i réigiún BÁCLL agus níor measadh go raibh ach 62% de na rialacháin comhlíontach.

Bhí dóchúlacht beagán ní ba mhó ann go measfaí go raibh rialacháin a measúnaíodh i dtuairiscí ar sheirbhísí seachbhrabúsacha comhlíontach i gcomparáid le seirbhísí brabúsacha

- Bhí dóchúlacht beagán ní ba mhó ann go measfaí go raibh rialacháin a measúnaíodh i dtuairiscí ar sheirbhísí seachbhrabúsacha (70%; líon = 1151) comhlíontach i gcomparáid le seirbhísí brabúsacha (67.7%; líon = 4173)

Ba dhóchúla go measfaí go bhfuil rialacháin i dtuairiscí ar sheirbhísí níos mó neamhchomhlíontach

- Ba dhóchúla go measfaí go raibh comhréireanna níos airde de rialacháin neamhchomhlíontacha (e.g. 73.4% de na rialacháin a measadh a bhí comhlíontach i seirbhísí ina raibh 0-5 fhostaí, i gcomparáid le 55% i seirbhísí ina raibh breis agus 20 fostaí) ag seirbhísí ina raibh líonta níos mó foirne fostaithe.

Léargas ginearálta ar shonraí

Titeann cigireachtaí amach ar bhonn rialta maidir le seirbhísí cláraithe reatha agus is ionann iad seo agus tromlach mór na gcigireachtaí agus tugtar TCanna orthu seo. Cuirtear 1,327 de na saghsanna seo tuairiscí cigireachta (TC) san áireamh san anailís seo. Titeann cigireachtaí amach freisin maidir le hiarratais nua agus i gcásanna áirithe nuair a fhógraíonn seirbhísí athrú ar chúinsí. Tugtar ‘Cigireachtaí ar Oiriúnacht don Fheidhm (ODF)’ orthu seo. Cuirtear na torthaí ó 62 tuairisc maidir leis na saghsanna seo cigireachtaí i láthair sa mhír seo freisin. Cuirtear na torthaí maidir leis an dá shaghas seo de chigireachtaí i láthair go leithligh.

Cur síos ar thuairiscí cigireachta rialacháin (TC)

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar thuairiscí TC a chuirtear san áireamh san anailís seo i dtaobh dháileadh tíreolaíoch na dtuairiscí agus shaintréithe na seirbhísí a chuirtear san áireamh.

Dáileadh tíreolaíoch tuairiscí a chuirtear san áireamh in anailís TC

Cuirtear a mhacasamhail de líonta tuairiscí san áireamh san anailís seo ó réigiúin BÁCLL (líon = 387; 29.2%), an Iarthair (líon = 382; 28.8%) agus an Deiscirt (líon = 347; 26.1%). Cuirtear líon beag tuairiscí san áireamh ó cheantar BÁCCT, arb ionann iad agus thart ar 15.9% (líon = 211) de na tuairiscí go léir a cuireadh san áireamh san anailís seo (Tábla 13).

Tábla 13 Líon agus céatadán na dtuairiscí de réir réigiúin

Réigiún	% na dtuairiscí	Líon na dtuairiscí
BÁCCL	29.2	387
BÁCCT	15.9	211
An Deisceart	26.1	347
An tIarthar	28.8	382
Iomlán	100	1327

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú


Saintréithe na seirbhísí

Cuirtear anailís i láthair anois ar shaghas agus méid na seirbhísí, anuas ar eolas atá ar fáil trí cheangal sonraí a bhaineann le stádas brabúis na seirbhíse; cibé acu an bhfuil nó mura bhfuil soláthar seirbhíse ar aois scoile ag an tseirbhís agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an tseirbhís cláraithe mar sheirbhís amháin de sheirbhísí iolracha.

Saghas na seirbhíse

Tagraíonn beagnach leath na dtuairiscí a chuimsítear san anailís do sheirbhísí seisiúnacha (47.9%; líon = 636). Is é an dara líon is mó tuairiscí iad siúd ar sheirbhísí cúraim lae iomláin arb ionann iad agus 36.4% (líon = 483) de na tuairiscí agus seirbhísí páirtaimseartha arb ionann iad agus 12% (líon = 158) de na tuairiscí. Ní thagraíonn ach 41 tuairisc (3.1%) do sheirbhísí feighlíochta leanaí agus naoi gcinn (0.7%) do sheirbhísí buail isteach (Fíor 14).

Fíor 14 Céatadán na seirbhísí de réir saghsanna éagsúla



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Méid na seirbhísí a chuirtear san áireamh i dtuairiscí

Úsáidtear an líon fostaithe chun eolas a sholáthar faoi mhéid na seirbhísí a chuirtear san áireamh san anailís seo agus tugann na torthaí le fios gur bhain breis agus dhá thrian de na tuairiscí le seirbhísí a fhostaíonn idir 0 agus 5 bhall foirne (68.4%; líon = 906). Thug 17.3% (líon = 230) sa bhreis de sheirbhísí le fios go bhfostaíonn siad idir 6 agus 10 nduine. Ní raibh seirbhísí a d'fhostaigh idir 11 agus 20 duine ach in 10.5% (líon = 139) de na tuairiscí agus tugann 3.9% (líon = 52) le fios go bhfostaíonn siad breis agus 20 duine (Tábla 14).

Tábla 14 Líon na bhfostaithe


Líon na bhfostaithe	Líon na dtuairiscí	% na dtuairiscí
Idir 0 agus 5	906	68.4
Idir 6 agus 10	230	17.3
Idir 11 agus 20	139	10.5
Níos mó ná 20	52	3.9
Iomlán	1327	100

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Stádas brabúis

Bhí eolas ar fáil ar an stádas brabúis maidir le 1,296 tuairisc. Astu seo, sainathnódh i 78.1% (líon = 1013) díobh seo gur sheirbhís 'brabúsach' a bhí sa tseirbhís agus bhí an fuilleach díobh (22.8%; líon = 283) cláraithe mar sheirbhísí 'seachbhrabúsacha' (Fíor 15).

Fíor 15 Stádas brabúsach/seachbhrabúsach seirbhísí a chuirtear san áireamh san anailís seo



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Seirbhísí ar aois scoile

Bhí eolas ar fáil ar 1,200 tuairisc maidir le cibé acu ar chuir nó nár chuir an tseirbhís seirbhísí ar aois scoile ar fáil agus tugann na torthaí le fios go sainaithnítear in 42.1% (líon = 506) de na tuairiscí soláthar an tsaghais seo seirbhíse agus ní shainaithnítear in 57.8% (líon = 694) go soláthraítear an saghas seo seirbhíse.

Tugann na torthaí le fios go gcuireann beagán de bhreis ar an tríú cuid de thuairiscí san anailís seo ar sheirbhísí i Réigiún an Iarthair (líon = 156; 30.8%) cúram ar aois scoile ar fáil i gcomparáid le níos lú ná tuairisc amháin as cúig thuairisc i réigiún BÁCCT (14.8%; líon = 75) (Tábla 15).

Tábla 15 Dáileadh réigiúnach an tsoláthair ar aois scoile i seirbhísí ar a ndearnadh cigireacht


	% de sheirbhísí ar aois scoile	Líon na seirbhísí ar aois scoile
Réigiún BÁCCL	28.6%	145
Réigiún BÁCCT	14.8%	75
Réigiún an Deiscirt	25.6%	130
Réigiún an Iarthair	30.8%	156
Iomlán	99.83	506

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Seirbhísí a cláraíodh mar sheirbhís amháin de sheirbhís iolrach

Ar an iomlán, tagraítear in beagnach 164 (13%) de na 1,261 tuairisc ina raibh eolas ar fáil ar an gclár gur sheirbhís amháin de sheirbhís iolrach atá sa tseirbhís. Bhí nach mór 40% (39.6%; líon = 65) i Réigiún BÁCCL, 21.3% (líon = 59) i Réigiún an Deiscirt (líon = 35) agus 19/5% (líon = 32) i Réigiún BÁCCT agus an Iarthair (Fíor 16).

Fíor 16 Céatadán na seirbhísí a cláraíodh mar sheirbhís amháin de sheirbhís iolrach de réir réigiúin



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Measúnú ar chomhlíonadh agus neamhchomhlíonadh

San anailís seo, cuireadh measúnú ar shé nó seacht rialachán san áireamh i thart ar leath na dtuairiscí (53%). Cuireadh measúnú ar thrí rialachán san áireamh in beagnach tuairisc amháin as cúig thuairisc (líon = 249; 18.8%) (Tábla 16).

Tábla 16 Líon agus céatadán na rialachán a measúnaíodh

Líon na rialachán ar a ndearnadh measúnú	Líon na dtuairiscí	% na dtuairiscí
2	4	0.3
3	249	18.8
4	79	6
5	35	2.6
6	507	38.2
7	193	14.5
8	76	5.7
9	126	9.5
10	44	3.3
11	10	0.8
12	3	0.2
16	1	0.1
Iomlán	1327	100

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh

Déantar breithniú anois ar chomhlíonadh maidir leis na tuairiscí TC (líon = 1327) agus na rialacháin aonair (líon = 7983) a cuimsíodh iontu.

Comhlíonadh maidir le tuairiscí a cuireadh san áireamh san anailís

Níor cuireadh aon rialacháin neamhchomhlíontacha i gcuntas i mbreis agus aon trian de na tuairiscí TC (líon = 484; 36.5%) agus cuireadh idir rialachán neamhchomhlíontach amháin agus trí cinn i gcuntas in 43.5% (líon = 577) eile díobh.

Faoi mar a luaitear, cuireadh 1,327 cigireacht san áireamh san anailís seo agus astu seo rinneadh 88% díobh (87.9%; líon = 1166) gan fhógra. Idir 0 agus 10 a bhí réimse na rialachán comhlíontach sna tuairiscí aonair i measc na 1,327 tuairisc chigireachta agus ba é an meánlíon rialacháin chomhlíontacha 4.11. Idir 0 agus 14 a bhí líon na rialachán neamhchomhlíontach i dtuairiscí agus ba é an meánlíon rialacháin neamhchomhlíontacha 1.91.

Níor cuireadh aon rialacháin neamhchomhlíontacha i dtaifead i thart ar an tríú cuid de na tuairiscí cigireachta (líon = 484; 36.5%) agus cuireadh idir 1 agus 3 rialachán neamhchomhlíontacha i gcuntas in 43.5% (líon = 577) eile de na tuairiscí. Cuireadh idir 4 agus 6 rialachán neamhchomhlíontacha i dtaifead i thart ar shé déag faoin gcéad (líon = 212) de na tuairiscí cigireachta agus níor cuireadh ach 7 rialachán neamhchomhlíontacha nó níos mó i gcuntas in 4% (líon = 54) eile de na tuairiscí (Tábla 17).

Tábla 17 Líon agus céatadán na dtuairiscí de réir líon na rialachán neamhchomhlíontach

Líon na rialachán neamhchomhlíontach	Minicíocht	Céatadán
Rialacháin neamhchomhlíontacha ar bith	484	36.5
1	231	17.4
2	184	13.9
3	162	12.2
4	95	7.2
5	65	4.9
6	52	3.9
7	23	1.7
8	17	1.3
9	9	0.7
10	3	0.2
11	1	0.1
14	1	0.1
Iomlán	1327	100

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú


Rialacháin a chomhlíonadh

Ar an iomlán, rinneadh measúnú ar 7,983 rialachán sna 1,327 TC agus astu seo, measadh go raibh breis agus dhá thrían díobh (68%; líon = 5448) comhlíontach agus sainaitníodh go raibh 32% (líon = 2535) neamhchomhlíontach.

Ar an iomlán, rinneadh measúnú ar 1,249 (15.6%) rialachán i dtuairiscí ar chigireachtaí ar tugadh fógra fúthu agus ar 6,734 (84.4%) rialachán i dtuairiscí ar chigireachtaí gan fhógra. B'airde i bhfad comhréir na rialachán a measadh a bhí comhlíontach i rith cigireachtaí ar tugadh fógra fúthu (líon =

1041; 83%) ná iad siúd a sainaithníodh i rith cigireachtaí gan fhógra (líon = 4408; 65.5%) (Fíor 17). Faoi mar a tugadh faoi deara, áfach, rinneadh measúnú ar thromlach mór na rialachán i dtuairiscí ar chigireachtaí gan fhógra (84.4%).

Tábla 17 Céatadán na rialachán comhlíontach agus neamhchomhlíontach de réir cigireachtaí ar tugadh fógra fúthu nó cigireachtaí gan fhógra



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Torthaí de réir rialacháin aonair

Ba iad na rialacháin ba dhóchúla a mheasúnófaí Rialachán 11 (Leibhéil soláthair foirne), Rialachán 9 (Bainistíocht agus earcaíocht), Rialachán 19 (Sláinte, leas agus forbairt an linbh), Rialachán 23 (Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint), agus Rialachán 26 (Bearta sábháilteachta ó dhóiteán). I measc na rialachán ba lú ba dhóchúla a mheasúnófaí, bhí Rialachán 24 (Seiceáil isteach agus amach agus taifead ar fhreastal), Rialachán 17 (Eolas do thuismitheoirí), Rialachán 31 (Teagmhais a fhógairt), Rialachán 13 (Seirbhísí réamhscoile sealadacha agus seirbhísí réamhscoile in ionaid buail isteach) agus Rialachán 15 (Taifead ar leanbh réamhscoile) (Tábla 18).

Torthaí comhlíonta agus neamhchomhlíonta maidir le rialacháin aonair

Faoi mar a thugtar faoi deara i dTábla 18, b'éagsúil go mór líon na measúnuithe ar rialacháin de réir uimhir an rialacháin aonair agus caithfear é seo a chur san áireamh nuair a bhíonn na torthaí á dtuiscint. Baineadh an leibhéal ab airde de chomhlíonadh (100%) amach maidir le Rialachán 13, mar shampla. Ní dhearnadh measúnú, mar sin féin, ar an rialachán seo ach seacht n-uaire, ar an iomlán.

Deimhníodh gur baineadh ardleibhéal comhlíonta 91.7% amach maidir le Rialachán 11 a bhaineann le leibhéil soláthair foirne i measc na 1,326 tuairisc ina ndearnadh measúnú ar an rialachán seo. B'amhlaidh an cás freisin maidir le Rialachán 25 a measúnaíodh i 952 tuairisc agus deimhníodh comhlíonadh in 82.1% de na cásanna. Sainaithníodh gur baineadh ardleibhéal chomhlíonta amach freisin maidir le Rialachán 12 (Feighlithe leanaí) agus Rialachán 28 (Árachas) - 90% agus 81.2%, faoi seach. Cuireadh measúnú ar Rialachán 12 san áireamh i ndaichead tuairisc, agus cuireadh

measúnú ar Rialachán 28 san áireamh in 149 tuairisc, ach, faoi mar a thugtar faoi deara i dTábla 18, rinneadh measúnú ar líonta i bhfad níos lú de sheirbhísí maidir leis na rialacháin seo.

Cé gur measadh go raibh 69% de na 1,313 tuairisc comhlíontach maidir le Rialachán 9 (Bainistíocht agus earcaíocht), níor deimhníodh go raibh ach an tríú cuid de na 1,035 measúnú (36.7%) maidir le Rialachán 23 comhlíontach.

Tábla 18 Torthaí comhlíonta agus neamhchomhlíonta maidir le rialacháin aonair a measúnaíodh

Uimhir an rialacháin	An rud ar a ndíríonn an rialachán	Comhlíontach	Neamhchomhlíontach	Líon na rialachán ar a ndearnadh measúnú
7		0%	100%	1
8	Athrú ar chúinsí a fhógairt	2.2%	97.8%	90
9	Bainistíocht agus earcaíocht	69%	31%	1313
10	Beartais, nósanna imeachta etc. seirbhíse réamhscoile	27.3%	72.7%	11
11	Leibhéil soláthair foirne	91.7%	8.3%	1326
12	Feighlithe Leanaí	90%	10%	40
13	Seirbhísí réamhscoile sealadacha agus seirbhísí réamhscoile in ionaid buail isteach	100%	0%	7
15	Taifead ar leanbh réamhscoile	11.1%	88.9%	9
16	Taifead maidir le seirbhís réamhscoile	12.9%	87.1%	124
17	Eolas do thuismitheoirí	0%	100%	3
19	Sláinte, leas agus forbairt an linbh	72.4%	27.6%	1210
20	Áiseanna le haghaidh scíthe agus súgartha	58.2%	41.8%	170
21	Trealamh agus ábhair	0%	100%	12
22	Bia agus deoch	69.2%	30.8%	39
23	Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint	36.7%	63.3%	1035
24	Seiceáil isteach agus amach agus taifead ar fhreastal	0%	100%	3
25	Garchabhair	82.1%	17.9%	952
26	Bearta sábháilteachta ó dhóiteán	77.6%	22.4%	959
27	Maoirseacht	23.4%	76.6%	47
28	Árachas	81.2%	18.8%	149
29	Áitreabh	29.9%	70.1%	304
30	Riachtanais spáis íosta	73.7%	26.3%	156
31	Teagmhais a fhógairt	50%	50%	6
32	Gearáin	76.5%	23.5%	17
Iomlán		68.3%	31.7%	7983


Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh de réir shaghas na seirbhísí

Cuirtear i láthair i bhFíor 18 na torthaí de réir shaghas na seirbhíse ar a ndearnadh cigireacht. Tugtar faoi deara gurb an-éagsúil líon na rialacháin a chuimsítear san anailís seo de réir shaghas na seirbhíse agus ba cheart seo a chur san áireamh nuair a bhíonn na torthaí seo á léirithiú ar bhealach ar bith.

Is ionann dhá shaghas seirbhísí agus 84% (líon = 6709) de na rialacháin go léir a measúnaíodh i dtuairiscí a chuimsítear san anailís seo, agus seirbhísí seisiúnacha iad seo (líon = 3458) agus seirbhísí cúraim lae iomláin (líon = 3251). Tá dóchúlacht i bhfad níos mó ann go bhfuil rialacháin a mheasúnaítear i seirbhísí seisiúnacha (75.1%; líon = 2597) comhlíontach ná iad a mheasúnaítear i seirbhísí cúraim lae iomláin (58.3%; líon = 1894). Is dóchúla go bhfuil iad siúd a mheasúnaítear i seirbhísí feighlíochta leanaí comhlíontach (79.2%) cé gurb íseal don mhéid rialacháin a measúnaíodh sa saghas seo seirbhíse (líon = 269). Ní dhearnadh ach 69 rialachán a mheasúnú i seirbhísí buail isteach agus astú seo, measadh go raibh 59.4% comhlíontach. Cuireadh i gcuntas gurb ionann na tuairiscí ar chomhlíonadh sna 936 seirbhís pháirtaimseartha agus 75.2% (líon = 704).

Fíor 18 Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh de réir shaghas na seirbhíse



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh de réir réigiún tíreolaíoch

Measadh go raibh breis agus trí cheathrú de na rialacháin a measúnaíodh i dtuairiscí i Réigiún an Iarthair comhlíontach (77.4%; líon = 1663) agus ba é seo an chomhréir ab airde i measc na réigiún go léir. Measadh go raibh an leibhéal ab ísle de chomhlíonadh ann i rialacháin i dtuairiscí ar sheirbhísí i gceantar BÁCILL agus níor measadh go raibh ach 61.9% (líon = 1444) de na rialacháin comhlíontach. Sainaithníodh go raibh thart ar 65% (líon = 950) de na rialacháin a measúnaíodh i dtuairiscí ar sheirbhísí i réigiún BÁCIT comhlíontach agus measadh go raibh beagán de bhreis ar dhá thrian díobh siúd a bhaineann le seirbhísí i Réigiún an Deiscirt (68.2; líon = 1392) comhlíontach (Tábla 19).

Tábla 19 Céatadán na rialachán a measadh a bhí comhlíontach/neamhchomhlíontach de réir réigiúin


Réigiún	Comhlíontach	Neamhchomhlíontach	Líon na rialachán ar a ndearnadh measúnú
BÁCLL	61.9% (1444)	38.1% (889)	2333
BÁCTT	65% (950)	35% (511)	1461
An Deisceart	68.2% (1392)	31.8% (648)	2040
An tIarthar	77.4% (1663)	22.6% (486)	2149

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh de réir stádas brabúis

Sainaithníodh an stádas brabúis maidir le 7,805 rialachán. Measadh go raibh comhréir níos airde de rialacháin a measúnaíodh i seirbhísí seachbhrabúsacha comhlíontach i gcomparáid le seirbhísí brabúsacha. As na 1,643 rialachán a measúnaíodh i seirbhísí seachbhrabúsacha, sainaithníodh go raibh 70% (líon = 1151) comhlíontach agus cuirtear seo i gcomparáid le 67.7% (líon = 4173) de na 6,162 rialachán a measúnaíodh i seirbhísí brabúsacha (Fíor 19).

Fíor 19 Céatadán na rialachán comhlíontach agus neamhchomhlíontach a measúnaíodh i seirbhísí brabúsacha agus seirbhísí seachbhrabúsacha



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Bhí eolas ar fáil ar 7,577 rialachán maidir le cibé acu an raibh nó nach raibh an tseirbhís cláraithe mar sheirbhís amháin de sheirbhís iolrach nó mar sheirbhís aonair. Rinneadh beagán de bhreis ar 6,000 rialachán (líon = 6496) a mheasúnú i dtuairiscí ar sheirbhísí aonair i gcomparáid le beagán de bhreis ar 1,000 rialachán (líon = 1081) i dtuairiscí ar sheirbhísí a bhí cláraithe mar sheirbhís aonair. Measadh go raibh beagán de bhreis ar dhá thrian (68.7% (líon = 4463) de na seirbhísí aonair comhlíontach agus measadh go raibh beagán faoi bhun dhá thrian (63.1%; líon = 682) de sheirbhísí iolracha comhlíontach (Tábla 20).

Tábla 20 Céatadán agus líon na rialachán comhlíontach agus neamhchomhlíontach de réir cibé acu an seirbhís aonair nó seirbhís iolrach atá sa tseirbhís


Saghas na seirbhíse	% na rialachán comhlíontach	Líon na rialachán comhlíontach	% na rialachán neamhchomhlíontach	Líon na rialachán neamhchomhlíontach	Líon iomlán na rialachán
Ní seirbhís iolrach é	68.7%	4463	31.3%	2033	6496
Is seirbhís iolrach é	63.1%	682	36.9%	399	1081

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh de réir mhéid na seirbhíse

Ba dhóchála go gcuirfeadh comhréireanna níos airde de mheasúnuithe a rinneadh ar rialacháin a measadh a bhí neamhchomhlíontach i dtuairiscí ar sheirbhísí ina raibh líonta níos mó foirne fostaithe. Measadh go raibh beagnach trí cheathrú (73.4%; líon = 3788) de na 5,164 rialachán comhlíontach i dtuairiscí ar sheirbhísí ina bhfuil 0-5 fhostaí. Cuirtear seo i gcomparáid le 60.5% (líon = 896) de na 1,481 rialachán a measadh i seirbhísí ina raibh 6-10 bhfostaí agus 57.9% (líon = 562) de na tuairiscí ar na 970 seirbhísí ina raibh 11-20 fostaí. Cé nár sainaithníodh go raibh ach 55% (líon = 203) de na rialacháin comhlíontach i dtuairiscí ina bhfuil níos mó ná 20 fostaí, ba bheag don líon foriomlán rialachán (líon = 368) a measúnaíodh i measc seirbhísí den mhéid seo (Fíor 20).

Fíor 20 Céatadán na rialachán comhlíontach agus neamhchomhlíontach de réir líon na bhfostaithe sa tseirbhís



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Achoimre ar thorthaí a eascraíonn as tuairiscí TC 2019 a cuireadh san áireamh san anailís

Cuireadh 1,327 tuairisc TC san áireamh san anailís seo agus rinneadh measúnú ar 7,983 rialachán laistigh de na tuairiscí seo. Bhain tromlach mór na dtuairiscí TC (88%) le cigireachtaí gan fhógra. Ar an iomlán, tugadh le fios go raibh 68% de na rialacháin ar a ndearnadh measúnú comhlíontach. Níor cuireadh aon rialacháin neamhchomhlíontacha i dtaifead i thart ar an tríú cuid de na tuairiscí TC (líon = 484; 36.5%) agus cuireadh idir 1 agus 3 rialachán neamhchomhlíontacha i gcuntas in 43.5% (líon = 577) eile de na tuairiscí. Tugadh éagsúlacht fhorleathan faoi deara sna trí rialachán ba mhinice a measúnaíodh sa chomhréir a thugtar le fios atá comhlíontach idir 91.7% (Rialachán 11, Leibhéil soláthair foirne), agus 69% (Rialachán 9, Bainistíocht agus earcaíocht agus 36.7% (Rialachán 23, Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint).

Is iad na seirbhísí siúd i Réigiún an Iarthair (77.4% comhlíontach in aghaidh 61.9% in BÁCLL), seirbhísí seachbhrabúsacha (70% in aghaidh 67.7% i measc seirbhísí brabúsacha), seirbhísí a bhí cláraithe mar sheirbhís aonair (68.7% in aghaidh 63% de na seirbhísí a bhí cláraithe mar sheirbhís amháin de sheirbhís iolrach) agus seirbhísí ina bhfuil líonta níos ísle foirne fostaithe (73.4% i seirbhísí ina bhfuil 0-5 fostaí in aghaidh 55% i seirbhísí ina bhfuil breis agus 20 fostaí) na seirbhísí is dóchúla a thabharfar le fios atá comhlíontach.

Cigireachtaí ar Oiriúnacht don Fheidhm (ODF) 2019

Cuireadh 62 tuairisc ar chigireachtaí ODF ina gcuimsítear 642 rialachán san áireamh san anailís seo

Tá leibhéil níos airde comhlíonta i dtuairiscí ar chigireachtaí ODF i gcomparáid le tuairiscí TC

- Sainaithníodh go raibh 84% (líon = 540) de na rialacháin comhlíontach
- Ba é 8.71 an meánlíon rialacháin chomhlíontacha agus idir 3 agus 11 a bhí líon na rialachán comhlíontach i dtuairiscí ar a ndearnadh anailís
- Ba é 1.65 an meánlíon rialacháin chomhlíontacha agus idir 0 agus 7 a bhí líon na rialachán neamhchomhlíontach i dtuairiscí aonair
- Ní raibh aon rialacháin neamhchomhlíontacha san áireamh in beagnach leath de na tuairiscí (46.8%; líon = 29).

Sainaithníodh go raibh Rialachán 23 (Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint) neamhchomhlíontach in 40% de na tuairiscí

- Ba iad na Rialacháin ba dhóchúla a measadh a bhí comhlíontach Rialachán 9 (Bainistíocht agus earcaíocht; 100%); Rialachán 12 (Feighlithe leanaí; 100% comhlíontach), Rialachán 11 (Leibhéil soláthair foirne; 98.4%) agus Rialachán 30 (Riachtanais spáis íosta; 96.7%).
- Ba iad na Rialacháin ba dhóchúla a mheasfaí a bheadh neamhchomhlíontach Rialachán 23 (Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint; 40.3%), Rialachán 29 (Áitreabh; 37.1%) agus Rialachán 26 (Bearta um shábháilteacht ó dhóiteán; 27.4%) agus Rialachán 20 (Saoraidí le haghaidh scíthe agus súgartha; 24.2%).

Cur Síos ar na tuairiscí cigireachta ODF a chuirtear san áireamh san anailís seo

Cuirtear anailís i láthair sa mhír seo ar thuairiscí cigireachta ar oiriúnacht don fheidhm a fuarthas ó Tusla le hanailís a dhéanamh orthu. I measc na limistéar a chuimsítear tá líon, saghsanna agus leathadh tíreolaíoch seirbhísí agus comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh.

Léargas ginearálta ar thuairiscí ar chigireachtaí ODF

Ar an iomlán, cuirtear 62 tuairisc ODF ina gcuimsítear 642 rialachán san áireamh san anailís seo. Cuirtear saghas na seirbhísí ar a ndearnadh na cigireachtaí seo i láthair i dTábla 21. Thit thart ar leath díobh (45.2%; líon = 28) amach i seirbhísí seisiúnacha, agus rinneadh thart ar an gceathrú

díobh (25.8%; líon = 16) i seirbhísí cúraim lae iomláin agus baineann 19% (19.4%; líon = 12) eile díobh le seirbhísí páirtaimseartha. Ní bhaineann ach sé thuairisc le seirbhísí feighlí leanaí.

Tábla 21 Líon agus céatadán na dtuairiscí de réir shaghas na seirbhíse


Saghas na seirbhíse	Líon na dtuairiscí	% na dtuairiscí
Feighlí leanaí	6	9.5
Lá Iomlán	16	25.8
Páirtaimseartha	12	19.4
Seisiúnach	28	45.2
Iomlán	62	100

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Dáileadh réigiúnach tuairiscí ar chigireachtaí ODF

Thit an chomhréir ab airde de thuairiscí ODF a cuireadh san áireamh san anailís seo amach i Réigiún BÁCCT (29%; líon = 18). Thit nach mór an ceathrú díobh (25.8%; líon = 16) amach i Réigiún BÁCCL agus i Réigiún an Iarthair agus thit 19.4% (líon = 12) díobh amach i Réigiún an Deiscirt (Fíor 21).

Fíor 21 Céatadán na dtuairiscí ar ODF de réir réigiún cigireachta a cuireadh san áireamh san anailís




Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Saintréithe eile na seirbhísí a cuireadh san áireamh i dtuairiscí ODF

Tugadh le fios gur sheirbhísí brabúsacha a bhí i gceist le caoga a trí de na 54 seirbhís a bhfuil eolas ar fáil fúthu. Tá eolas ar fáil maidir le 42 tuairisc i dtaobh cibé acu ar sholáthair nó nár sholáthair an tseirbhís seirbhísí ar aois scoile, agus astu seo tugadh le fios go raibh seirbhís ar aois scoile á cur ar fáil ag 62% (líon = 26) díobh seo. Bhí eolas ar fáil ar 51 seirbhís maidir le cibé acu ar sheirbhís amháin iad de sheirbhís iolrach nó ar sheirbhís aonair iad, agus astu seo, thug 31% díobh le fios (líon = 16) gur bhain siad le seirbhís amháin de sheirbhís iolrach.

Bhí eolas ar fáil ar 61 seirbhís maidir le líon na bhfostaithe, agus tugadh le fios i dtromlach mór na dtuairiscí gur idir 0 agus 5 fhostaí (86.9%; líon = 53) a bhí líon na bhfostaithe sa tseirbhís. Níor bhain ach líon beag díobh le seirbhísí ina raibh idir 6 agus 10 bhfostaí (8.1%; líon = 5) nó idir 11 agus 20 (4.8%; líon = 3). Níor cuireadh seirbhís san áireamh i dtuairiscí ina raibh breis agus 20 fostaí (Fíor 22).

Fíor 22 Líon na bhfostaithe de réir tuairiscí ODF



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh i gcigireachtaí ODF

Cuirtear torthaí i láthair anois a bhaineann le comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh a eascraíonn as na cigireachtaí ODF. Ar an iomlán, rinneadh cigireacht ar 642 rialachán maidir leis na 62 tuairisc.

Rialacháin a chomhlíonadh

Ba é 8.71 an meánlíon rialacháin chomhlíontacha agus idir 3 agus 11 a bhí líon na rialachán comhlíontach i dtuairiscí aonair. Ba é 1.65 an meánlíon rialacháin chomhlíontacha agus idir 0 agus 7 a bhí líon na rialachán neamhchomhlíontach i dtuairiscí aonair (Tábla 22).

Tábla 22 An réimse rialacháin chomhlíontacha agus neamhchomhlíontacha

	Líon	Íosta	Uasta	Meán	Caighdeán Imeacht
Rialacháin chomhlíontacha	62	3	11	8.71	2.044
Rialacháin neamhchomhlíontacha	62	0	7	1.65	2.057
Líon iomlán na rialachán	62	10	11	10.35	0.482


Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Céatadán na dtuairiscí de réir líon na rialachán comhlíontach agus neamhchomhlíontach

Níor cuireadh aon rialacháin neamhchomhlíontacha i dtaifead in beagnach leath na dtuairiscí go léir (46.8%; n = 29) agus cuireadh idir 1 agus 3 rialachán neamhchomhlíontacha i gcuntas sa tríú cuid (32.3%; líon = 20) eile de na tuairiscí. Cuireadh idir 4 agus 6 thuairisc neamhchomhlíontacha i

gcuntas in beagnach 1 as 5 thuairisc (19.4%; líon = 12) agus níor cuireadh ach 7 rialachán neamhchomhlíontacha nó níos mó i gcuntas in 1 thuairisc (Fíor 23).

Fíor 23 Céatadán na dtuairiscí de réir líon na rialachán neamhchomhlíontach




Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Comhlíonadh i measc rialacháin aonair

Rinneadh measúnú ar 642 rialachán, ar an iomlán, agus astu seo, sainithníodh go raibh 84% (líon = 540) comhlíontach agus sainithníodh go raibh 16% (líon = 102) neamhchomhlíontach (Fíor 24).

Fíor 24 Comhréir na rialachán comhlíontach agus neamhchomhlíontach i dtuairiscí ODF



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Rinneadh cigireacht ar gach seirbhís do gach rialachán a cuireadh i láthair i dTábla 23. Léiríonn an anailís gur measadh go raibh na seirbhísí go léir a ndearnadh cigireacht orthu comhlíontach le Rialachán 9 (Bainistíocht agus earcaíocht) agus Rialachán 12 (Feighlithe leanai). Sainithníodh

leibhéil an-arda chomhlíonta freisin maidir le Rialachán 11 - (Leibhéil soláthair foirne), Rialachán 30 (Riachtanais spáis íosta), Rialachán 22 (Bia agus deoch), Rialachán 6 (Seirbhís réamhscoile a chlárú) agus Rialachán 28 - (Árachas) agus measadh go raibh gach ceann comhlíontach i mbreis agus 90% de na tuairiscí.

Ba iad na rialacháin ba lú ba dhóchúla a mheasfaí a bheadh comhlíontach Rialachán 23 (Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint), Rialachán 29 (Áitreabh) agus Rialachán 26 (Bearta um shábháilteacht ó dhóiteán) agus measadh go raibh gach ceann neamhchomhlíontach i níos lú ná trí cheathrú de na tuairiscí.

Tábla 23 Céatadán an chomhlíonta agus neamhchomhlíonta de réir rialachán aonair

Uimhir an rialacháin	An rud ar a ndíríonn an rialachán	Comhlíontach	Neamhchomhlíontach	Líon na n-uaireanta a rinneadh measúnú ar an rialachán
6	Seirbhís réamhscoile a chlárú	91.9%	8.1%	62
9	Bainistíocht agus earcaíocht	100%	0%	62
11	Leibhéil soláthair foirne	98.4%	1.6%	62
12	Feighlithe leanaí	100%	0%	1
20	Áiseanna le haghaidh scíthe agus súgartha	75.8%	24.2%	62
22	Bia agus deoch	95.5%	4.5%	22
23	Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint	59.7%	40.3%	62
25	Garchabhair	87.1%	12.9%	62
26	Bearta sábháilteachta ó dhóiteán	72.6%	27.4%	62
28	Árachas	91.9%	8.1%	62
29	Áitreabh	62.9%	37.1%	62
30	Riachtanais spáis íosta	96.7%	3.3%	61

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Anailís achomair ar thuairiscí ar chigireachtaí ODF

Go hachomair, rinneadh anailís ar 62 tuairisc ar chigireachtaí ODF ina raibh 642 rialachán. Taispeánann na tuairiscí gur measadh go raibh 84% de na rialacháin go léir comhlíontach agus ba é an meánlíon rialacháin chomhlíontacha i dtuairiscí 8.71, ach idir 3 agus 11 rialachán a bhí sé. Ba é 1.65 an meánlíon rialacháin neamhchomhlíontacha agus idir 0 agus 7 a bhí líon na rialachán neamhchomhlíontach i dtuairiscí aonair. Ní raibh aon rialacháin neamhchomhlíontacha san áireamh in beagnach leath de na tuairiscí (46.8%).

Ba iad na rialacháin ba dhóchúla a mheasfaí a bheadh neamhchomhlíontach Rialachán 23 (Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint; 40.3%), Rialachán 29 (Áitreabh; 37.1%) agus Rialachán 26 (Bearta um shábháilteacht ó dhóiteán; 27.4%) agus Rialachán 20 (Saoraidí le haghaidh scíthe agus súgartha; 24.2%).

M


s i



Príomhphointí

Cuirtear anailís théamach agus ábhair ar shampla fánach de 500 rialachán neamhchomhlíontach ó thuairiscí 2018 agus 2019 i láthair sa mhír seo. Tugtar achoimre i bhFíor 25 ar na príomhlimistéir bhuartha agus a minicíocht maidir leis na rialacháin is minice atá neamhchomhlíontach.

Fíor 25 Príomhlimistéir bhuartha agus a minicíocht de réir rialachán aonair



Rialachán 25: Garchabhair

- Ní raibh stoc leordhóthanach sa bhosca garchabhrach (60%) agus níor cuireadh an oiliúint leordhóthanach ar an bhfoireann ar gharchabhair (40%).

Léargas Ginearálta

Cuirtear anailís théamach agus ábhair i láthair sa mhír seo ar 500 rialachán neamhchomhlíontach a roghnaítear go fánach, a baineadh ó thuairiscí cigireachta 2018 agus 2019 a cuireadh san áireamh san anailís a rinneadh roimhe sin. Díríonn an anailís seo ar na rialacháin is minice a mheasúnaítear agus tá iad seo cosúil lena chéile sa dá bhliain (Tábla 24).

Tábla 24 Céatadán neamhchomhlíonta na rialachán is minice a mheasúnaítear agus an líon díobh a chuirtear san áireamh san anailís seo

Uimhir an rialacháin	Teideal an rialacháin	% TCanna neamhchomhlíontacha 2018	% neamhchomhlíontach 2019	An líon a chuirtear san áireamh san anailís seo
Rialachán 23	Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint	71.9% (líon = 1041)	63.3% (líon = 1035)	134
Rialachán 9	Bainistíocht agus earcaíocht	45.4% (líon = 1106)	31% (líon = 1313)	90
Rialachán 19	Sláinte, leas agus forbairt an linbh	26.3% (líon = 816)	27.6% (líon = 1210)	52
Rialachán 26	Bearta sábháilteachta ó dhóiteán	25.1% (líon = 935)	22.4% (líon = 959)	51
Rialachán 29	Áitreabh	85.2% (líon = 243)	70.1% (líon = 304)	36
Rialachán 16	Taifead maidir le seirbhís réamhscoile	90.5% (líon = 116)	87.1% (líon = 124)	30
Rialachán 25	Garchabhair	19% (líon = 930)	17.9% (líon = 952)	25


Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Cuirtear i láthair anois torthaí a eascraíonn as an anailís ar rialacháin aonair maidir leis na príomhlíonistí neamhchomhlíonta agus cineál an neamhchomhlíonta, faoi mar a ndéantar cur síos air, sna tuairiscí.

Rialachán 23 (Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint)

Rinneadh 134 measúnú ar Rialachán 23 a chur san áireamh san anailís seo. Sainaithníodh breis agus saincheist amháin i dtéacs roinnt de na rialacháin seo agus sainaithníodh 213 limistéar, ar an iomlán, dá bharr. Is féidir iad seo a chatagóiriú ina sé shaincheist éagsúla agus ba shábháilteacht ghinearálta (24%; líon = 50), sábháilteacht allamuigh (21%; líon = 45), sábháilteacht ó dhóiteán (21%; líon = 44), saoráidí codlata (20%; líon = 43), cógas a thabhairt (9%; líon = 20) agus rialú ionfhabhtuithe (líon = 11) a bhí i gceist leo (Fíor 26).

Fíor 26 Saincheisteanna neamhchomhlíonta a tháinig chun solais maidir le Rialachán 23



Cuirtear samplaí i láthair sa dá Fhíor seo a leanas (Fíor 27a agus Fíor 27b) de chineál an neamhchomhlíonta de réir catagóirí aonair a sainithníodh san anailís.

Fíor 27a Cineál an neamhchomhlíonta maidir le Rialachán 23 (1)

Sábháilteacht ghinearálta

• **Sampla:** Sa seomra réamhscoile, bhí doras cupaird ann nach raibh faoi ghlas a d'oscail isteach go dtí spás an áiléir agus bhí na leanaí réamhscoile ábalta teacht ar spás an áiléir, ar an ábhar sin. Bhí slabhra ó dhallóg i seomra codlata na naíonán briste agus bhí leanaí ábalta teacht air agus d'fhéadfadh seo riosca féideartha tacht a chruthú. Bhí bréagáin ina raibh píosaí beaga, i.e. píosaí súgartha tógála agus pionnaí ar fáil do leanaí faoi thrí bliana d'aois agus d'fhéadfadh seo riosca féideartha tacht a chruthú. Chonacthas rolla de mhálaí plaisteacha bruscair ar sheilf, áit a raibh teacht ag leanaí air agus d'fhéadfadh seo riosca féideartha plúchta a chruthú. Fágadh sprae frithbhaictéarach ar leac fuinneoige agus bhí leanaí in ann teacht air agus chruthaigh seo riosca gortuithe dóibh nó go n-ólfadís a raibh ann. Bhí roinnt cáblaí scaoilte ar crochadh ar airde a raibh leanaí in ann teacht orthu agus d'fhéadfadh leanaí na cáblaí a tharraingt agus iad féin a ghortú.

Sábháilteacht taobh amuigh

• **Sampla:** Ní raibh an sleamhnán agus an fráma dreapadóireachta sa limistéar súgartha taobh amuigh daingnithe leis an talamh. B'éasca an bealach isteach geata ag barr an staighre a oscailt agus chuir sé rochtain neamhúdraithe ar fáil ar an réamhscoil. Bhí píobán uisce sa spás taobh amuigh ar crochadh go scaoilte agus chruthaigh sé riosca tacht don na leanaí réamhscoile. Bhí drochbhail ar an bhfráma dreapadóireachta agus bhí fianaise ann go raibh adhmaid ann a bhí briste ina scealpóga ar na céimeanna agus chruthaigh seo riosca scealptha. Bhí drochbhail ar chathaoir de mhéid linbh sa limistéar taobh amuigh agus bhí an clúdach stróicthe. Bhí ceithre thíl bhoga stothallach sa limistéar taobh amuigh míchothrom agus chruthaigh siad riosca féideartha tuislithe. Ní raibh stráice den chlaí adhmaid slán agus chruthaigh sé buairt fhéideartha sábháilteachta.

Sábháilteacht ó dhóiteán

• **Sampla:** Níor tugadh faoi chleachtaidh dhóiteáin ar bhonn míosúil

Fíor 27b Cineál an neamhchomhlíonta maidir le Rialachán 23 (2)

Saoráidí codlata

•**Sampla:** Cuireadh i gcuntas go raibh an teocht sa seomra 23.2° Celsius ag 13.35 i seomra na/sa seomra codlata. Ní raibh modh ar fáil chun teocht shábháilte an tseomra codlata a thomhas, a chur i gcuntas agus a choimeád ar fáil don fhoireann sa tseirbhís. Níor cuireadh i gcuntas i dtaifead codlata na seirbhíse seiceáil fhisiciúil codlata gach 10 nóiméad ar thréimhsí codlata gach naíonáin, anáil, suíomh agus dath gach naíonáin san áireamh mar bheart réamhchúramach chun an riosca féideartha i leith bás tobann naíonáin a laghdú

Cógas a thabhairt

- Sampla:** Bhí cógas a bhí ar fáil do leanbh ar a raibh plúchadh agus do leanbh eile ar a raibh ailléirge imithe in éag agus chruthaigh seo riosca sábháilteachta sa chás gur theastaigh sé.
- Sampla:** Níor cuireadh síniú thuismitheoir/chaomhnóir an linbh ar fhoirmeacha cógais nuair a bhailigh siad a leanaí lena chinntiú go raibh siad ar an eolas ar an gcógas go léir a thug an tseirbhís dá leanbh.
- Sampla:** I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na taifid ar an gcógas a tugadh, níor sheiceáil an dara ball foirne an nós imeachta chun an cógas a thabhairt agus ní raibh roinnt taifead sínithe ag tuismitheoir an linbh nuair a bhailigh siad an leanbh.


Rialú ionfhabhtuithe

•**Sampla:** Níor chuir an tseirbhís uisce te a bhí rialaithe ag teirmeastat ar fáil ag gach báisín nite lámh. Tugadh seo chun solais i rith na cigireachta deireanaí a rinneadh ar an tseirbhís an [dáta]. Ní raibh leacht gallúnaí ar fáil ag an mbáisín nite láimhe sa seomra athraithe clúidíní. Níor úsáid na daoine fásta naprúin nuair a bhí clúidíní á n-athrú. Ní dhearnadh an mata athraithe clúidíní a dhíghalrú i ndiaidh gach úsáide. Níor chloígh an cleachtas seo le beartas athraithe clúidíní na seirbhíse. Nuair a cuireadh ceist ar na daoine fásta, ní raibh siad cinnte faoi na nósanna imeachta athraithe clúidíní. Ní dhearnadh earraí níocháin a stóráil go hoiriúnach agus ní dhearnadh spásanna cófra a lipéadú le hainm na leanaí. Níor caitheadh uachtair agus lóiseanna cosanta clúidíní folmha amach. Níor cabhraíodh leis na leanaí i seomra na naíolainne chun a lámha a ní sular itheadh sneaiceanna. Ní raibh an lipéad oiriúnach ar bhuidéil agus bíocair le hainm na leanaí chun traséilliú a sheachaint.

Rialachán 9 (Bainistíocht agus earcaíocht)

Cuireadh 90 rialachán neamhchomhlíontach, ar an iomlán, san áireamh san anailís ar Rialachán 9 agus tháinig ceithre phríomh-shaincheist chun solais agus léiríodh i ngach ceann téacs an rialacháin. Arís eile, sainaithníodh breis agus saincheist amháin i dtéacs roinnt de na rialacháin seo agus b'ionann an líon iomlán saincheistanna agus 130 saincheist. Ba iad na ceithre phríomhchatagóir a sainaithníodh an easpa fála a bhí ar dhá theistiméireacht dheimhnithe do gach ball foirne (líon = 47; 36%), Grinnfhiosrúchán Póilíní/an Gharda Síochána gan a bheith i bhfeidhm don phearsanra go léir (líon = 48; 36.9%), dámhachtain aitheanta oideachais gan a bheith bainte amach ag an bphearsanra go léir a oibríonn le leanaí (líon = 32; 24.6%) agus Curriculum Vitae gan a bheith ar fáil i gcomhad do gach ball foirne (líon = 3; 2.3%) (Fíor 28).

Fíor 28 Catagóirí a tháinig chun solais maidir le Rialachán 9



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Bhain go leor den tráchttaireacht a bhaineann le Rialachán 9 le heaspa teistiméireachtaí a bheith ag an bhfoireann nó le daoine aonair nach ndearnadh grinnfhiosrúchán Póilíní orthu. B'amhlaidh an cás, ach go háirithe, maidir le daoine aonair a d'oibrigh nó a chónaigh lasmuigh den stát ar feadh tréimhse níos faide ná sé mhí (Fíor 29).


Fíor 29 Cineál an neamhchomhlíonta maidir le Rialachán 9

Grinnfhiosrúchán póilíní		
- Ní raibh aon teistiméireachtaí ar fáil do bhall foirne amháin agus don mhac léinn. - Ní raibh teistiméireacht ag ball foirne amháin ón bhfostaíocht dheireanach a bhí acu i seirbhís réamhscoile. - Ní dhearnadh teistiméireachtaí ó fhostóirí a bhailíochtú. Ní raibh an dara teistiméireacht ar fáil ó fhoinsé chreidiúnach do bhall foirne amháin nach raibh ach iarfhostóir amháin acu. - Ní raibh fianaise ann go ndearnadh aon chinneadh de na teistiméireachtaí a bhí ar fáil ó fhoinsí creidiúnacha a bhailíochtú.	- Ní raibh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a rinneadh ar fáil do dhuine fhásta amháin a bhí fostaithe sa tseirbhís. Eisíodh Fógra faoi Ghníomh Láithreach - Ní dhearnadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a nochtadh do bhall foirne amháin a bhí fostaithe chun oibriú go díreach le leanaí. Eisíodh fógra faoi ghníomh láithreach don soláthraí cláraithe. - Ní bhfuarthas grinnfhiosrúchán póilíní do thriúr daoine fásta a chónaigh i stát eile mar dhaoine fásta ar feadh tréimhse níos faide ná sé mhí.	- Ní raibh cóip ar fáil de cháilíocht dheimhnithe mhórdhámhachtana i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige ar Leibhéal 5 nó níos airde ar Chreat Náisiúnta Cháilíochtaí Dhearbhu Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ) maidir le beirt bhaill foirne a oibríonn go díreach le leanaí. - Ní raibh fianaise dhoiciméadach ag beirt daoine fásta gurbh ionann a gcáilíocht agus mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Rialachán 19 (Sláinte, leas agus forbairt an linbh)

Cuireadh caoga a dó rialachán neamhchomhlíontach san áireamh san anailís seo agus sainaithníodh 55 saincheist. Tháinig ceithre chatagóir fhairsinge a bhaineann le sláinte, leas agus forbairt an linbh chun solais agus is iad seo bunriachtanais an linbh (líon = 32; 58.1%), an timpeallacht fhisiciúil agus ábhartha (líon = 14; 25.4%), clár na gníomhaíochtaí (líon = 5; 9%) agus an caidreamh le leanaí (líon = 4; 7.2%). Sainaithníodh roinnt seirbhísí amhail neamhchomhlíonadh a bheith iontu i mbreis agus limistéar amháin (Fíor 30).

Fíor 30 Saincheisteanna a tháinig chun solais maidir le Rialachán 19



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Cineál an neamhchomhlíonta maidir le Rialachán 19

Dhírigh saincheisteanna a sainaithníodh maidir le riachtanais an linbh ar limistéir cosúil le cothú, úsáid leithris agus scíth agus codladh, agus rinneadh tráchttaireacht shubstainteach ar na limistéir seo. Lean saincheisteanna é seo a bhaineann leis an timpeallacht fhisiciúil agus ábhartha agus dhírigh iad seo ar an tionchar a imríonn siad ar shláinte, leas agus forbairt an linbh. Sainaithníodh saincheisteanna a bhaineann leis an gclár a soláthraíodh agus an caidreamh maidir le leanaí i líonta níos lú de thuairiscí neamhchomhlíontacha agus léirítear é seo freisin sa tráchttaireacht (Fíor 31).

Fíor 31 Cineál an neamhchomhlíonta maidir le Rialachán 19

Bunriachtanais an linbh

- Tugadh faoi deara go raibh na leanaí in ardchathaoireacha agus ag féachaint ar chartún ar feadh 50 nóiméad, agus idirghníomhú teoranta ar bun agus gníomhaíocht shúgradhbhunaithe ar bith ar siúl acu.
- Níor athraíodh clúidíní leanaí ar bhealach tráthúil. Thug na cigirí faoi deara go raibh clúidín salach á chaitheamh ag leanbh amháin agus níor thug an ball foirne é seo faoi deara go ceann 15 nóiméad ina dhiaidh sin. I ndiaidh gurbh eol don bhall foirne gur ghá clúidín an linbh a athrú, rinne an ball foirne rud éigin le hithe a thairiscint don leanbh, ionad clúidín an linbh a athrú go pras.
- Níor cabhraíodh le leanbh amháin i seomra na lapadán/an seomra codlata chun tús a chur le féinbheathú, in ainneoin go raibh céim chuí forbartha bainte amach acu. Dul chun cinn riachtanach é seo ar mhaithe le forbairt phearsanta agus shóisialta na leanaí.
- Ní raibh biachlár ar fáil ná ar taispeáint. Ó asraon áitiúil mearbhia a tháinig an príomhbhéile a cuireadh ar fáil ar lá na cigireachta. B'éard a bhí sa phríomhbhéile ná cnaipín sicín amháin, slisín d'ispín agus sceallóga [do gach leanbh].
- Níor cuireadh plátaí agus sceanra ar fáil. Ón tábla go díreach ad'ith na leanaí a sneaic agus ó thuáille páipéir a d'ith siad a bpríomhbhéile.
- Ní raibh uisce ná bainne ar fáil do na leanaí réamhscoile i gcaitheamh an lae ná leis an bpríomhbhéile.

An timpeallacht fhisiciúil agus ábhartha

- Níor cuireadh timpeallacht shuimiúil ná spreagthach forbartha ar fáil i leagan amach an tseomra réamh-Montessori Teastaíonn forbairt bhreise a dhéanamh ar limistéir spéise agus threalaimh aoisoiriúnaigh chun tacú le súgradh samhlaíoch agus eispéiris dhúshlánacha chruthaitheacha agus saibhrithe do na leanaí. Bhí píosáí ar iarraidh ó mhíreanna mearaí i seomra *[ainm an tseomra]* agus, ar an ábhar sin, ní raibh siad ar fáil do na leanaí réamhscoile.
- Bhí deiseanna foghlama céadfaí teoranta i seomra na naíonán. Ba phlaisteach ba mhó a bhí sna hábhair, bhí aonaid seilfre iompaithe amach ó na leanaí agus i dtreo an bhalla i seomra an naíonra. Bhí na hearraí gléasta suite ar ráille ard nach bhféadfadh na leanaí teacht air. Ní thacaíonn an cleachtas seo le rogha nó neamhspleáchas leanaí maidir le hábhair a roghnú chun cur lena smaoineamh agus lena bhforbairt.
- Bhí deiseanna teoranta foghlama agus súgartha ar fáil sa spás taobh amuigh do leanaí. Ní raibh ábhair neamhiata nádúrtha ar fáil do na leanaí, cosúil le gaineamh, uisce, féar nó ithir. Ba cheart timpeallacht a sholáthar do leanaí ina ndéantar a gcumas aonair a spreagadh nó dúshlán a chur rompu, mar shampla, dreapadh, léim, lámhacán.

An clár a soláthraíodh

- Níor tugadh faoi deara go raibh aon chlár ar siúl sa seomra réamh-Montessori ar lá na cigireachta. Mar thoradh air sin, bhí na ghníomhaíochtaí faoi stiúir daoine fásta, den chuid ba mhó, agus bhí deiseanna íosta ar fáil chun tabhairt faoi ghníomhaíocht a gcuirfeadh an leanbh tús leis.
- Níor bhain an curaclam a bhí ar taispeáint leis an tseachtain a bhí ann ag an tráth sin dar tús [dáta].

Caidreamh timpeall ar leanaí

- Tugadh faoi deara nár fhreagair daoine fásta do leideanna leanaí go cuí. Mar shampla, thug na cigirí faoi deara nár fhreagair duine fásta do leideanna codlata linbh agus tugadh an leanbh lasmuigh go dtí an limistéar súgartha leis na leanaí eile nuair ba léir gur theastaigh codladh ón leanbh. Chonacthas an dara leanbh ag titim a chodladh taobh amuigh ar chathaoir agus buidéal bainne á ól acu.
- Chonaic na cigirí leanbh ag titim as bréagán fad a bhí an guthán á fhreagairt ag an duine fásta agus ní fhaca siad an leanbh ag titim dá bharr.
- Ba lag don idirghníomhú idir na daoine fásta agus na leanaí ar lá na cigireachta. Ní dhearna na daoine fásta comhrá ná níor labhair siad leis na leanaí roinnt uaireanta fad a bhí na cigirí sna seomraí súgartha. Chonacthas leanaí i gcaitheamh an lae i mbun saorshúgartha gan struchtúr agus treoir nó idirghníomhú teoranta á chur ar fáil dóibh ag duine fásta. Chonacthas triúr daoine fásta ag súil le chéile sa limistéar taobh amuigh agus ní raibh maoirseacht leordhóthanach á déanamh acu ar na leanaí ná ní raibh siad rannpháirteach leo a dhóthain. Níor léirigh beirt daoine fásta go raibh bainistiú iompraíochta dearfach á dhéanamh acu laistigh den tseirbhís. Níor úsáid daoine fásta friotal dearfach leis na leanaí agus chualathas an méid seo a leanas á rá acu: “Ná leag lámh air”, “mura stopfaidh tú, tabharfar ar ais taobh istigh thú” agus “Ná déan sin, Ná déan sin”.
- Níor shuigh an fhoireann le leanaí i rith amanna béile chun comhrá agus idirghníomhú a chur chun cinn. Ní raibh aon eagar ann sa seomra réamhscoile ag amanna béile. Cuireadh isteach ar na béilí mar gheall gur éirigh leanaí ina seasamh agus gur fhág siad an tábla agus gur shiúl siad go fánach timpeall an tseomra. Níor tugadh aistrithe socra ó ghníomhaíocht amháin go dtí an chéad cheann eile sa seomra réamhscoile. Níor tugadh tacaíocht mhaith d’aistrithe i seomra na lapadán agus chonacthas an fhoireann ag fágáil an tseomra chun a sos a ghlacadh gan aon chumarsáid a dhéanamh leis na leanaí. Ní raibh sceideal le feiceáil a bhí i bhfeidhm chun tacú leis na leanaí aistriú ó ghníomhaíocht amháin go dtí an chéad cheann eile.
- Níor sceidealáíodh cruinnithe foirne ar bhonn rialta chun tacú le hobair bhuíne. Ní raibh fianaise ar fáil maidir le cruinnithe foirne.

Rialachán 26 (Bearta um shábháilteacht ó dhóiteán)

Ba é an líon measúnuithe ar neamhchomhlíonadh Rialachán 26 a rinneadh a cuireadh san áireamh san anailís seo 51 agus sainaithníodh 58 saincheist. Sainaithníodh trí phríomhchatagóir agus easpa fála ar thaifid agus teip ar thaifid a choimeád (82.7%; líon = 48), easpa fála ar fhógra faoin nós imeachta atá le leanúint i gcás dóiteáin (10.3%; líon = 6) agus gan tabhairt faoi na cleachtaidh dhóiteáin (6.8%; líon = 4) (Fíor 32).

Fíor 32 Cineál an neamhchomhlíonta a tháinig chun solais maidir le Rialachán 26

Taifid (82.7%)

- Ní raibh taifead ar fáil a léirigh líon, saghas agus cothabháil an trealamh dhóiteáin agus na n-aláram deataigh san áitreabh.
- Luadh i dtaifead ar líon, saghas agus taifead cothabhála an trealamh chomhraithe dhóiteáin agus na n-aláram deataigh san áitreabh go ndearnadh an tseiceáil dheireanach an [dáta], agus tugann seo le fios go raibh seiceálacha dlite thar téarma.

Fógra nós imeachta i gcás dóiteáin (10.3%)

- Ní raibh fógra de na nósanna imeachta atá le leanúint i gcás dóiteáin ar taispeáint sa tseirbhís.
- Ní raibh fógra de na nósanna imeachta atá le leanúint i gcás dóiteáin ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh..


Cleachtaidh dhóiteáin (6.8%)

- Níor tugadh faoi chleachtadh dhóiteáin go dtí sin ó thús na bliana acadúla ar aghaidh. Níor tugadh faoi chleachtaidh dhóiteáin mhíosúla ó [dáta] ar aghaidh. Moltar sa cháipéis dea-chleachtais “Sábháilteacht ó Dhóiteán i Réamhscoileanna” go ndéantar cleachtaidh dhóiteáin gach mí.

Rialachán 29 (Áitreabh)

Cuireadh 36 rialachán neamhchomhlíontach san áireamh san anailís seo agus sainaithníodh 41 saincheist, ar an iomlán. Sainaithníodh trí phríomhthéama maidir le Rialachán 29 agus bhain iad seo le saincheisteanna a tháinig chun solais sa limistéar taobh amuigh (26.8%; líon = 11), saincheisteanna a tháinig chun solais sa limistéar taobh istigh (41.6%; líon = 17) agus saincheisteanna a tháinig chun solais maidir leis an teocht chomhthimpeallach nó teocht an uisce (31.7%; líon = 13) (Fíor 33).

Fíor 33 Saincheisteanna a tháinig chun solais maidir le Rialachán 29



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Cineál an neamhchomhlíonta maidir le Rialachán 29

Áiríodh leis na nótaí tráchtta a bhaineann le teocht na seirbhíse go raibh an teocht chomhthimpeallach róthe nó rófhuar. Tugadh chun solais go raibh seomraí ina raibh leanaí ina gcodladh, ach go háirithe, róthe i roinnt cásanna agus tugadh faoi deara chun an riosca a laghdú i dtaobh Siondróm Bás Tobann Naíonáin, ba cheart go mbeadh an teocht idir 16° Celsius agus 20° Celsius (Fíor 34).

Fíor 34 Cineál an neamhchomhlíonta maidir le Rialachán 29

Teocht

- Ba iad na teochtaí sna seomraí codlata fad a bhíonn leanaí ina gcodladh 24.4° Celsius ag 12:05; bhí [ainm an tseomra eile] 27° Celsius ag 12:50; bhí [ainm an tseomra eile] 25.9° Celsius ag 12:55.
- Cuireadh i gcuntas go raibh an teocht sa seomra cúraim 12.5° Celsius ag 09:40am. Idir 18 agus 22° Celsius é an gnáthraon teochta.

Limistéar taobh amuigh

- Bhí stráicí den chlaí a ghabh timpeall ar an limistéar taobh amuigh corrach agus scaoilte agus bhí roinnt painéal agus cuailí taca creimthe go dona nó ar iarraidh.
- Ní raibh an príomhdhoras isteach chuig an áitreabh faoi ghlas chun cosc a chur ar rochtain neamhúdaráithe ag duine nó ar leanbh réamhscoile an t-áitreabh a fhágáil gan mhaoirsiú.
- Ní raibh aon chlaí ná bacainn ann a rinne an príomhlímistéar súgartha féir a dheighilt ón limistéar tarmac a d'úsáid tuismitheoirí agus caomhnóirí, amanna, chun páirceáil agus mar stad tuirlingthe. D'fhéadfadh leanaí gan mhaoirsiú an limistéar tarmac a bhaint amach gan stró trí roinnt céimeanna a dhreapadh.


Limistéar taobh istigh

- Níor coimeádadh an seomra COLÓ i ndea-chaoi, faoi mar a thugann an méid seo a leanas le fios: Tugadh faoi deara go raibh an phéint ar na ballaí caite, ruaimnithe, go raibh píosa de bainte agus go raibh cuid de á baint ar na leaca fuinneoige, na cláir sciorta, timpeall ar na frámaí dorais agus timpeall ar an bhfuinneog agus an doirteal sa chistin. Chonacthas go raibh deighilt adhmaid in aice an limistéir shúgartha gainimh salach agus ruaimnithe. Chonacthas go raibh an fráma fuinneoige i limistéar na cistine agus na frámaí bána dorais ruaimnithe le caonach. Chonacthas go raibh an tsíleáil ruaimnithe sa limistéar sláintíochta. Chonacthas go raibh scoilteanna i mballa an limistéir shláintíochta i ngar don tsíleáil idir an chistin agus an seomra réamhscoile.

Rialachán 16 (Taifead maidir le seirbhís réamhscoile)

Cuireadh tríocha rialachán san áireamh san anailís seo agus sainaithníodh 33 saincheist. Dírítear i Rialachán 16 ar bheartais agus taifid. Tháinig trí phríomhthéama chun solais: ní raibh beartais ar fáil (9%; líon = 3), ba neamhleor na beartais (49%; líon = 16) agus ba neamhleor na taifid (42%; líon = 14) (Fíor 35).

Fíor 35 Céatadán na limistéar neamhchomhlíontach maidir le Rialachán 16



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Cineál an neamhchomhlíonta maidir le Rialachán 16

Ní raibh beartais ar fáil	Bhí na beartais neamhleor	Bhí na taifid neamhleor
•Ní raibh na beartais seo a leanas ar fáil: •Beartas ar Thurais •Beartas ar Chógas a Thabhairt •Beartas ar Thimpistí agus Teagmhais •Rialú Ionfhabhtaithe •Beartas Bhia Shláintiúil	•Níor shásaigh an beartas ar Chodladh Sábháilte riachtanais Rialachán 10 mar gheall go raibh an méid seo a leanas ar iarraidh ann: Ba cheart teocht an tseomra a choimeád idir 16 agus 20° Celsius. An taifead ar chodladh: seiceálacha fisiciúla a dhéanamh ar a laghad gach 10 nóiméad, a dhéantar a dhoiciméadú agus a thaispeáint. •Ní raibh taifead ar fáil ina sonraítear uainchlár na foirne ar bhonn laethúil. Bhí an t-uainchlár foirne dátaithe ón [dáta] agus níorbh ionann ainmneacha na mball foirne a bhí ann agus na baill foirne a bhí i láthair ar lá na cigireachta. •Níor cuireadh na timpistí, na gortuithe agus na teagmhais a sonraíodh i dtaifead go comhsheasmhach. Níor sonraíodh an méid seo a leanas i roinnt de na taifid a rinneadh a athbhreithniú: sloinne, dáta breithe/seoladh an linbh nó fianaise gur tugadh fógra do na tuismitheoirí/caomhnóirí.	•Ní raibh na taifid ar chógais a tugadh do leanaí réamhscoile sa tseirbhís leordhóthanach mar gheall gur fágadh an méid seo a leanas ar iarraidh iontu: Sloinne an bhaill foirne a thug an cógas. Síniú an duine a bhí ina fhinné air. Fianaise gur tugadh fógra do tuismitheoirí/chaomhnóirí. •Níor choimeád an soláthraí cláraithe sonraí faoi na huainchláir foirne ar bhonn laethúil. •Ní raibh aon taithí oibre/stair fostaíochta ar fáil i gcomhad maidir le beirt daoine fásta sa tseirbhís.

Rialachán 25 (Garchabhair)

Cuireadh fiche a cúig rialachán san áireamh san anailís seo agus sainithníodh 30 saincheist. Tháinig dhá théama aníos maidir le Rialachán 25 agus ba iad seo nach raibh stoc leordhóthanach sa bhosca garchabhrach (líon = 18; 60%) agus nár cuireadh an oiliúint leordhóthanach ar an bhfoireann ar gharchabhair (líon = 12; 40%) (Fíor 36).

An bosca garchabhrach

- Ní raibh trealamh oiriúnach sa bhosca garchabhrach laistigh den tseirbhís. Ní raibh an bosca garchabhrach á stóráil in áit atá inrochtana gan stró agus in áit atá feiceálach sanáitreabh.
- Bhí trealamh neamhleor garchabhrach curtha ar fáil don líon leanaí a bhí ag freastal ar an tseirbhís agus bhí go leor de na soláthairtí garchabhrach imithe as dátaí agus ní raibh siad oiriúnach lena n-úsáid.

Oiliúint garchabhrach

- Níor sholáthair an tseirbhís fianaise go raibh duine ar cuireadh oiliúint air/uirthi i ngarchabhair do na leanaí a bhí ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile ar fáil ag gach tráth mar gheall nár cuireadh oiliúint reatha ar aon daoine fásta ar gharchabhair do leanaí.
- Ní raibh duine fásta ar cuireadh oiliúint air/uirthi ar gharchabhair do leanaí i láthair agus ar fáil láithreach bonn do na leanaí réamhscoile ag gach tráth. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an uainchlár foirne, tugadh faoi deara nach raibh ball foirne i láthair idir 08.30 agus 09.00 agus i ndiaidh 13.00 gach lá ar cuireadh oiliúint cothrom le dáta air/uirthi ar gharchabhair.
- Tugadh faoi deara go ndeachaigh deimhnithe ‘garchabhair do leanaí’ gach duine den seachtar daoine fásta in éag sna sé mhí roimh an gcigireacht. Aithnítear gur chuir an soláthraí cláraithe an cigire ar an eolas go raibh an oiliúint garchabhrach a theastaigh á heagrú ag an soláthraí cláraithe don fhoireann.
- Níor cuireadh aon oiliúint garchabhrach cothrom le dáta ar aon bhall foirne sa tseirbhís.

Achoimre ar na príomh-shaincheistanna a bhaineann le neamhchomhlíonadh

Tugadh faoi anailís ábhair agus théamach ar neamhchomhlíonadh a thagann chun solais maidir le sampla fánach 500 rialachán a mheas Cigirí Luathbhlianta (CLBanna) a bhí neamhchomhlíontach agus a dhírigh ar na rialacháin ba mhinice a mheasúnaigh Cigirí Luathbhlianta. Is iad na príomh-shaincheistanna a tháinig aníos de réir rialacháin aonair:

- Rialachán 23: Sábháilteacht ghinearálta (24%), Sábháilteacht allamuigh (21%), Saoráidí codlata (20%), Cógas a thabhairt (9%), Rialú ionfhabhtuithe (5%).
- Rialachán 9: Easpa fála ar dhá theistiméireacht dheimhnithe do gach ball foirne (36%), Grinnfhiosrúchán Póilíní/an Gharda Síochána gan a bheith i bhfeidhm don phearsanra go léir (36.9%), dámhachtain aitheanta oideachais gan a bheith bainte amach ag an bpearsanra go léir a oibríonn le leanaí (24%) agus Curriculum Vitae gan a bheith ar fáil i gcomhad do gach ball foirne (2.3%).
- Rialachán 19: Saincheistanna a tháinig chun solais maidir le bunriachtanais an linbh (58.1%), an timpeallacht fhisiciúil agus ábhartha (25.4%), clár na ngníomhaíochtaí (9%) agus an caidreamh le leanaí (7.2%).
- Rialachán 26: Easpa fála ar thaifid agus teip ar thaifid a choimeád (82.7%), easpa fála ar fhógra faoin nós imeachta atá le leanúint i gcás dóiteáin (10.3%) agus gan tabhairt faoi na cleachtaidh dhóiteáin (6.8%).
- Rialachán 29: Saincheistanna a bhaineann leis an limistéar taobh amuigh (26.8%), saincheistanna a tháinig chun solais sa limistéar taobh istigh (41.6%) agus

saincheisteanna a tháinig chun solais maidir leis an teocht chomhthimpeallach nó teocht an uisce (31.7%).

- Rialachán 16: Ní raibh beartais ar fáil (9%); ba neamhleor na beartais (49%) agus ba neamhleor na taifid (42%).
- Rialachán 25: Ní raibh stoc leordhóthanach sa bhosca garchabhrach (60%) agus níor cuireadh an oiliúint leordhóthanach ar an bhfoireann ar gharchabhair (40%).

Mír 6: Treochtaí i gcigireachtaí luathbhlianta 2017-2019



Príomhthorthaí

Tháinig laghdú beag ach comhsheasmhach ar an líon seirbhísí luathbhlianta a cláraíodh idir 2017 agus 2019

- Ba é líon na seirbhísí luathbhlianta a cláraíodh leis an gCigireacht in 2017 4,484. Tháinig laghdú air seo anuas go dtí 4,435 in 2018 agus go 4,310 in 2019.
- Tháinig laghdú ar an líon iarrataí ar athruithe ar chúinsí ó 1,422 in 2017 go 1,384 in 2018 agus go 1,331 in 2019.
- Tháinig méadú réidh ar an líon seirbhísí a dúnadh ó 117 in 2017 go 138 in 2018 agus go 196 in 2019. Is teoranta don eolas faoin bhfáth gur dúnadh na seirbhísí seo, go háirithe in 2019. I ngach bliain, áfach, ba chúiseanna pearsanta (e.g. dul ar scor, drochshláinte, gairmeacha beatha a athrú) an chúis ba choitianta a tugadh.

Níor baineadh aon seirbhísí ón gclár in 2017. Baineadh dhá cheann in 2018 agus ceithre cinn in 2019

- Tugadh fógra do cheithre sheirbhís bhreise, a raibh gach ceann díobh mar chuid de ghrúpa amháin iolrach, go mbainfear den chlár iad (faoi réir achomhairc) in 2019 agus rinneadh achomharc i ngach cás. Ní raibh ach seirbhís amháin faoi réir imeachtaí dlíthiúla in 2019 agus b'amhlaidh seo mar gheall gur oibrigh siad gan a bheith cláraithe. Cuireadh an tAcht Promhaidh i bhfeidhm dá thoradh sint.

Is éagsúil an t-eolas ar an líon cigireachtaí a rinneadh i rith na dtrí bliana, agus dá réir sin, ní féidir comparáid a dhéanamh eatarthu

- Tugadh le fios gurbh é líon na seirbhísí luathbhlianta a ndearnadh cigireacht orthu i rith 2017 2,033. Ba é an líon cigireachtaí a rinneadh in 2018 2,513. Ba é an líon cigireachtaí a rinneadh in 2019 2,308. Cuireadh breis agus cigireacht amháin san áireamh, áfach, i roinnt tuairiscí ar chigireachtaí.

Rialacháin a measúnaíodh

- Ba é an meánlíon rialachán a measúnaíodh ag cigireachtaí 8.79 in 2017, 4.83 in 2018 agus 6.21 in 2019.
- Ba iad na rialacháin ba mhinice a measúnaíodh i ngach bliain Rialachán 11 (Leibhéil soláthair foirne), Rialachán 9 (Bainistíocht agus earcaíocht), Rialachán 23 (Sláinte, leas agus forbairt an linbh a chosaint), Rialachán 26 (Bearta um shábháilteacht ó dhóiteán), Rialachán 19 (Sláinte, leas agus forbairt an linbh) agus Rialachán 25 (Garchabhair).

Treochtaí sna leibhéil chomhlíonta agus neamhchomhlíonta

- B'airde an chomhréir rialachán a measadh a bhí comhlíontach in 2017 (75.3%) agus b'íse é in 2018 (65.9%). Measadh go raibh nach mór 70% (69.4%) de na rialacháin comhlíontach in 2019.
- Is dóchúla go meastar go bhfuil rialacháin a measúnaíodh i seirbhísí cúraim lae iomláin neamhchomhlíontach agus ba é an chomhréir seo 32% in 2017, agus 45% in 2018 agus 41.7% in 2019.
- Tháinig laghdú gach bliain ar an gcomhréir rialachán a measadh a bhí neamhchomhlíontach i réigiún BACTT anuas ó 48% in 2017 go 42% in 2018, agus 35% in 2019.
- As na rialacháin ba mhinice a measúnaíodh, baintear na leibhéil chomhlíonta is airde amach maidir le Rialachán 11 (Leibhéil soláthair foirne) i rith na trí bliana ó 94% in 2017 go 92.8% in 2018 agus 92% in 2019.
- As na rialacháin ba mhinice a measúnaíodh, sainaithníodh gur baineadh na leibhéil chomhlíonta ab íse amach maidir le Rialachán 23 agus b'ionann iad agus idir 45.7% (2017) agus ach 30% in 2018 agus 38% in 2019.

Tháinig méadú ar na teagmhais a fógraíodh i rith na tréimhse trí bliana 2017-2019

- Tháinig méadú nach mór faoi dhó ar an méid teagmhas a fógraíodh idir 2017 (líon = 203) agus 2019 (403).
- Sainaithníodh ceithre phríomhchatagóir in anailís ar fhógraí a fuarthas in 2017:
 - Gortú tromchúiseach ar leanbh réamhscoile óna dteastaíonn cóir leighis láithreach ag lia-chleachtóir cláraithe, in ospidéal nó áiteanna eile.
 - Leanbh ar diagnóisíodh go bhfuil galar tógalach infhógartha air/uirthi atá ar an liosta galar (agus na pataiginí is cúis leo, faoi seach) a chuimsítear sna Rialacháin um Ghalair Aicídeacha, 1981 agus i leasuithe a rinneadh ina dhiaidh sin.
 - Dúnadh neamhpheanáilte nuair atá ar an tseirbhís dúnadh mar gheall ar imeachtaí gan choinne. D'fhéadfadh seo a bheith ar chúiseanna pearsanta (e.g. méala), nó aon chúis eile (e.g. píopa pléasctha san áis).
 - Tá leanbh ar iarraidh ón tseirbhís.

Tháinig méadú ar aighneachtaí eolais gan iarraidh gach bliain

- Tháinig méadú freisin ar an méid aighneachtaí eolais gan iarraidh gach bliain ó 277 aighneacht in 2017 go 413 aighneacht in 2018 agus 597 aighneacht in 2019.

Léargas Ginearálta

Cuirtear anailís treochtaí ar fáil sa mhír seo ar phríomhthorthaí maidir le trí limistéar a bhaineann le hobair na Cigireachta Luathbhlianta. Clárúcháin seirbhísí, cigireachtaí ar sheirbhísí agus leibhéal chomhlíonta ar chigireacht a dhéanamh atá i gceist leo seo.

Clárúcháin seirbhíse

Is gá do gach seirbhís luathbhlianta a bheith cláraithe chun seirbhís luathbhlianta a sholáthar. Ceanglas é seo faoi Chuid 12 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013. Déantar sainmhíniú i Rialacháin 2016 ar an mbrí atá le seirbhís luathbhlianta agus na riachtanais le haghaidh clárú. Caithfidh seirbhís luathbhlianta a bheartaítear iarratas a dhéanamh ar Tusla go gcuirtear é ar an gclár seirbhísí atá faofa chun oibriú. Déantar cur síos i Rialachán 6 ar an bpróiseas iarratais.

Mar thoradh ar rialacháin 2016, caithfidh na seirbhísí nua go léir a lorgaíonn clárú an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Fógra trí mhí, ar a laghad, a sholáthar roimh thosú beartaithe na seirbhíse, seachas i gcás seirbhísí réamhscoile sealadacha nach mór dóibh fógra 21 lá, ar a laghad, a thabhairt.
2. Iarratas a dhéanamh le Tusla go gcuirfear an tseirbhís ar an gclár seirbhísí faofa réamhscoile trí úsáid a bhaint as na foirmeacha a leagtar amach i sceideal 2 nó sceideal 3 de Rialacháin 2016.
3. Caithfidh an cháipéisíocht agus an táille ábhartha gabháil leis an iarratas.
4. I ndiaidh iarratas a fháil, déanann Tusla measúnú ar an eolas a sholáthair an t-iarratasóir agus tugtar cuairt ar sheirbhísí nua lena dheimhniú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an tseirbhís ‘Oiriúnach don Fheidhm’ (ODF), i.e. oiriúnach chun oibriú mar sheirbhís luathbhlianta. Tabharfar faoin gcualt chigireachta seo sula dtosóidh an tseirbhís tús le hoibriú.
5. Deimhníonn Tusla ansin an méid seo a leanas maidir leis an tseirbhís:
 - clárófar é
 - clárófar é, agus coinníoll nó coinníollacha ag baint leis an gclárú
 - diúltófar an clárú
6. Nuair a mheastar go bhfuil soláthraí cláraithe (le nó gan choinníollacha), déanfar cigireacht bhreise ar an tseirbhís laistigh de thrí mhí i ndiaidh gur cuireadh tús leis an oibriú.

Cuirtear eolas san áireamh sa mhír seo faoi sheirbhísí luathbhlianta, líon, saghsanna agus scaipeadh tíreolaíoch na seirbhísí san áireamh, chomh maith le dúnadh a thit amach.

Tugtar treocht anuas an-bheag faoi deara sa líon seirbhísí a cláraíodh i gcaitheamh na tréimhse trí bliana, 2017-2019 ó 4,484 go 4,310, ar laghdú 174 seirbhís é seo arb ionann é agus thart ar 4% de na seirbhísí, ar an iomlán. Tháinig méadú ar an méid iarratas ar chlárú nua a fuarthas i gcaitheamh

na tréimhse céanna ó 89 in 2017 go 142 in 2019 agus níor tháinig mórán d'athrú ar an méid clárúcháin nua a faomhadh i rith na tréimhse céanna (96 in 2017, 93 in 2019) (Tábla 25).

Tábla 25 Clárúcháin ó 2017 go 2019

	2017	2018	2019
Líon na seirbhísí luathbhlianta a cláraíodh	4484	4435	4310
Líon na n-iarratas nua ar chlárú a fuarthas	89	120	142
Líon na gclárúchán nua a faomhadh	96	91	93

Athruithe ar chúinsí a fhógairt

Tá ar sholáthraí cláraithe Tusla a chur ar an eolas ar athrú ar chúinsí faoi Rialachán 8 de Rialacháin 2016. Sonraítear na hathruithe ar chúinsí san Fhoirm um Athruithe ar Chúinsí, faoi mar a leagtar amach i sceideal 4 de na rialacháin. Seo a leanas na hathruithe ar chúinsí nach mór a fhógairt:

- Athrú ar ainm na seirbhíse
- Athrú ar sheoladh na seirbhíse
- Athrú ar sholáthraí cláraithe
- Athrú ar ainm dlíthiúil na cuideachta
- Athrú ar an duine i gceannas
- Athrú ar shaghas na seirbhíse
- Líon na leanaí a bhfuiltear le freastal orthu
- Próifíl leanaí a bhfuil an tseirbhís cláraithe le seirbhísí a sholáthar dóibh (méadú/laghdú agus aon athrú san áireamh ar raon aoise leanaí sa líon a ndéantar freastal orthu)
- Athrú ar sheoladh ríomhphoist
- Athrú ar shaghas na seirbhíse
- Saghas breise seirbhíse a chur leis
- Athrú ar uaireanta oibre
- Seisiún a chur leis, uaireanta oibre san áireamh le haghaidh seirbhís bhreise agus aon athrú ar uimhir ghutháin, uimhreacha guthán póca, agus/nó líonta na foirne a fhostaítear i gcás seirbhís sheisiúnach.

Tháinig laghdú ar an méid iarrataí ar athruithe ar chúinsí a fuair an Chigireacht i gcaitheamh na tréimhse trí bliana 2017 (líon = 1422), 2018 (líon = 1384) agus 2019 (líon = 1331) (Fíor 37).

Fíor 37 An méid iarrataí ar athruithe ar chúinsí a fuair an Chigireacht 2017-2019

2017	2018	2019
•1,422 iarraidh ar athruithe ar chúinsí faighte	•1,384 iarraidh ar athruithe ar chúinsí faighte	•1,331 iarraidh ar athruithe ar chúinsí faighte

Dúnadh seirbhíse

Tá méadú cobhsaí tagtha ar an méid seirbhísí a thug le fios gur dúnadh iad idir 2017 nuair a tugadh le fios gur tharla seo maidir le 117 seirbhís, aníos go dtí 138 in 2018 agus 196 in 2019 (Tábla 26).

Tábla 26 Líon na seirbhísí a dúnadh 2017-2019

	2017	2018	2019
Líon na seirbhísí luathbhlianta a dúnadh	117	138	196

Na cúiseanna a bhí le dúnadh

Thaispeáin anailís mhionsonraithe a rinneadh ar na 117 dúnadh in 2017 nár cuireadh aon chúis ar fáil don dúnadh i gcás 31 fógra (26%). B'amhlaidh an cás i measc 40% den dúnadh in 2018 agus 84% in 2019. Cuirtear an t-eolas i láthair i dTábla 27 a bhí ar fáil don tréimhse ó 2017 go 2019.

Tábla 27 Samplaí de chúiseanna a tugadh gur dúnadh seirbhísí

	2017	2018	2019
Cúiseanna pearsanta	28	27	12
Líonta neamhleora leanaí	17	12	8
Deacrachtaí leis an áitreabh	15	16	3
Cúiseanna iolracha	16		
Níl sé inmharthana ó thaobh airgeadais de		11	5
Rialacháin	3		
Níor osclaíodh an tseirbhís riamh	10		1
Iomlán	89	66	29

Cé go bhfuil an t-eolas atá ar fáil don bhliain 2019 an-teoranta, tugtar faoi deara i ngach ceann de na trí bliana inar cuireadh eolas ar fáil gurbh é an chúis ba choitianta a sainaithníodh go raibh sé beartaithe an tseirbhís a dhúnadh ná cúiseanna pearsanta cosúil le dul ar scor, filleadh ar staidéar a dhéanamh, gairm bheatha a athrú agus drochshláinte. Ba líon neamhleor leanaí agus deacrachtaí leis an áitreabh na cúiseanna eile ba choitianta in 2017 agus 2018, i ndiaidh na gceann thuas.

Cigireachtaí a rinneadh

Ní féidir sonraí i rith na tréimhse trí bliana maidir le cigireachtaí a rinneadh a chur i gcomparáid lena chéile mar gheall ar na cuir chuige éagsúla a glacadh. Tugadh le fios gurbh é líon na seirbhísí luathbhlianta a ndearnadh cigireacht orthu i rith 2017 2,033. Dhírigh an t-eolas a bailíodh in 2018 agus 2019 ar an líon cigireachtaí a rinneadh. Bhí breis agus cigireacht amháin i gceist le roinnt tuairiscí cigireachta in 2019, áfach, agus ní féidir comparáid dhíreach a dhéanamh leis na sonraí seo dá bharr.

Ba é an líon cigireachtaí a rinneadh in 2018 2513.

Ba é an líon cigireachtaí a rinneadh in 2019 2308.

Ghlac sé breis agus lá amháin chun cigireachtaí áirithe a dhéanamh nó bhí breis agus cigire amháin i láthair.

In 2019, rinneadh breis agus cigireacht amháin a dhoiciméadú i roinnt cigireachtaí.

Comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh

Déantar comparáid sa mhír seo a leanas i rith na dtrí bliana, ó 2017 go 2019, maidir le leibhéal chomhlíonta agus neamhchomhlíonta. Cuirtear an líon foriomlán tuairiscí agus rialachán a ndéantar tuairisciú orthu i láthair i dTábla 28 agus tugtar faoi deara go bhfuil an líon rialachán a cuireadh san áireamh in 2017 i bhfad níos mó ná na líonta i dtuairiscí 2018 agus 2019.

Tábla 28 Líon na dtuairiscí agus na rialachán a cuireadh san áireamh san anailís


	2017	2018	2019
Líon na dtuairiscí	1563	1557	1389*
Líon na rialachán	14271	7863	8625

Nóta: In 2019, rinneadh breis agus cigireacht amháin a scagadh i roinnt tuairiscí cigireachta

Leibhéil chomhlíonta, ar an iomlán, i dtuairiscí ar sheirbhísí

Idir 75.3% (2017) agus 65.9% (2018) agus 69.4% (2019) a bhí an chomhréir rialachán a measadh a bhí comhlíontach (Fíor 38).


Fíor 38 Céatadán na rialachán a measadh a bhí comhlíontach gach bliain



Comhlíonadh maidir le tuairiscí ar shaghas na seirbhíse

Is dóchúla go meastar go bhfuil rialacháin i seirbhísí cúraim lae iomláin neamhchomhlíontach i rith gach bliana i gcomparáid le rialacháin i saghsanna eile seirbhísí. Ba é an chomhréir rialachán a measadh a bhí neamhchomhlíontach i suíomhanna cúraim lae iomláin 32% in 2017, agus 45% in 2018 agus 41.7% in 2019. Ba é an chomhréir rialachán a measadh a bhí neamhchomhlíontach i seirbhísí seisiúnacha 21% in 2017, agus 29.2% in 2018 agus 24.9% in 2019, agus bhí an chomhréir rialachán i seirbhísí páirtaimseartha ní ba chobhsaí - idir 25% (2017) agus 29.5% (2018) agus 24.8% (2019). Is beag don líon seirbhísí buail isteach agus feighlíochta leanaí agus, dá réir sin, tá éagsúlacht shubstainteach ann sa dá cheann i rith na dtrí bliana (Fíor 39).

Fíor 39 Céatadán na rialachán a measadh a bhí neamhchomhlíontach de réir shaghas na seirbhíse




Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Éagsúlacht réigiúnach i gcomhlíonadh

Tugadh laghdú comhsheasmhach faoi deara i réigiún BÁC'TT ar an leibhéal neamhchomhlíonta rialála i gcaitheamh na tréimhse trí bliana anuas ó 48% de na rialacháin a measúnaíodh in 2017 go 42% in 2018, agus 35% in 2019. Ba chomhsheasmhach i gcónaí don chás i Réigiún BÁC'LL, áit ar measadh go raibh idir 37% agus 38% de na rialacháin neamhchomhlíontach gach bliain (Fíor 54). Bhí na leibhéil neamhchomhlíonta i Réigiún an Iarthair an-íseal i gcomparáid le réigiúin eile in 2017. Tháinig méadú suntasach ar an leibhéal seo neamhchomhlíonta, áfach, in 2018 (27%) agus in 2019 (22.6%) (Fíor 40).

Fíor 40 Treochtaí i leibhéil réigiúnacha neamhchomhlíonta



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Treochtaí i gcomhlíonadh i measc rialacháin shonracha

Faoi mar a tugadh faoi deara níos luaithe, b'airde an líon rialachán a measúnaíodh i seirbhísí in 2017 a cuireadh san áireamh san anailís seo ná an líon in 2018 nó 2019, nuair a glacadh le cur chuige níos dírithe. Tugtar seo chun solais sa mheánlíon rialachán a measúnaíodh i rith cigireachta, agus ba 8.79 rialachán an líon seo in 2017. Cuirtear seo i gcomparáid le meánlíon 4.83 rialachán in 2018 agus 6.21 in 2019 (Tábla 29).

Tábla 29 Líon na rialachán a measúnaíodh i rith cigireachtaí in 2017-2019

	Líon na seirbhísí a measúnaíodh	An líon íosta a measúnaíodh	An líon uasta a measúnaíodh	Meánlíon	Éagsúlacht chaighdeánach
2017	1563	1	13	8.79	1.439
2018	1557	1	15	4.83	2.116
2019	1389	2	16	6.21	2.177

Na rialacháin ba mhó agus ba lú a measúnaíodh

Tá go leor comhsheasmhachta sna rialacháin san anailís seo is dóchála a mheasúnaítear i rith gach bliana. Rinneadh measúnú ar shé rialachán breis agus 1,000 uair i rith na dtrí bliana.

Ba iad na rialacháin ba mhinice a measúnaíodh i ngach bliain Rialachán 11 (Leibhéil soláthair foirne), Rialachán 9 (Bainistíocht agus earcaíocht), Rialachán 23 (Sláinte, leas agus forbairt an linbh a chosaint), Rialachán 26 (Bearta um shábháilteacht ó dhóiteán), Rialachán 19 (Sláinte, leas agus forbairt an linbh) agus Rialachán 25 (Garchabhair) (Tábla 30).

Tábla 30 Na rialacháin ba mhinice a measúnaíodh i rith na dtrí bliana go léir

Uimhir an rialacháin	An rud ar a ndíríonn an rialachán	Líon na measúnuithe 2017	Líon na measúnuithe 2018	Líon na measúnuithe 2019
11	Leibhéil soláthair foirne	1706	1549	1388
9	Bainistíocht agus earcaíocht	1603	1172	1375
23	Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint	1594	1108	1097
26	Bearta sábháilteachta ó dhóiteán	1573	1002	1021
25	Garchabhair	1566	997	1014
19	Sláinte, leas agus forbairt an linbh	1423	816	1210

Treochtaí i gcomhlíonadh agus neamhchomhlíonadh

Is éagsúil go mór an céatadán rialacháin aonair a measadh a bhí comhlíontach nó neamhchomhlíontach de réir an rialacháin aonair agus, faoi mar a luaitear thuas, rinneadh measúnú i bhfad ní ba mhince ar roinnt rialachán i gcomparáid le cinn eile. D'fhéadfadh éagsúlacht fhorleathan sna comhréireanna de na rialacháin shonracha i rith na mblianta a bheith mar thoradh air seo.

Faoi mar a thugtar chun solais i dTábla 31 agus Fíor 41, tugtar an leibhéal is airde de chomhlíonadh faoi deara i measc na rialachán is coitianta a mheasúnaítear i Rialachán 11 agus tugtar an leibhéal is ísle de chomhlíonadh faoi deara maidir le Rialachán 23.

Léiríonn na torthaí i dtaobh Rialachán 11 go bhfuil sé sách cobhsaí ach gur tháinig laghduithe beaga ar leibhéal chomhlíonta i rith na dtrí bliana ó 94% in 2017 go 92.8% in 2018 agus 92% in 2019. Is amhlaidh an cás freisin maidir le Rialachán 19 (Sláinte, leas agus forbairt an linbh) ina raibh an leibhéal comhlíonta idir 79.30% (2017) agus 73.7% agus 72.4% i gcaitheamh na tréimhse trí bliana.

Tugadh éagsúlacht ní ba mhó faoi deara sna leibhéil chomhlíonta maidir le Rialachán 23 (Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint) idir 45.7% (2017) agus ach 30.1% in 2018 agus 38% in 2019. Tugadh a mhacasamhail de phatrún faoi deara maidir le Rialachán 9 nuair a sainaithníodh go raibh 62.7% de na rialacháin a measúnaíodh in 2017 comhlíontach i gcomparáid le 56.9% in 2018 agus líon méadaitheach arís eile in 2019 aníos go dtí 70.4%. Ba léir é seo freisin maidir le Rialachán 20 nuair a measadh go raibh 75.5% de na tuairiscí a anailísíodh in 2017, 52% in 2018 agus 62.9% in 2019 comhlíontach.


Tábla 31 Céatadán an chomhlíonta agus neamhchomhlíonta maidir leis na rialacháin ba mhinice a measúnaíodh in 2017-2019

Uimhir an rialacháin	An rud ar a ndíríonn an rialachán	% comhlíontach 2017	% neamhcho mhlíontach 2017	Líon na measú nuite 2017	% comhlíontach 2018	% neamhcho mhlíontach 2018	Líon na measú nuite 2018	% comhlíontach 2019	% neamhcho mhlíontach 2019	Líon na measú nuite 2019
11	Leibhéil soláthair foirne	94%	6%	1706	92.8%	7.2%	1549	92%	8%	1388
9	Bainistíocht agus earcaíocht	62.7%	37.3%	1603	56.9%	43.1%	1172	70.4%	29.6%	1375
23	Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint	45.7%	54.3%	1594	30.1%	69.9%	1108	38%	62%	1097
26	Bearta sábháilteachta ó dhóiteáin	79.8%	20.2%	1573	75.3%	24.7%	1002	77.3%	22.7%	1021
25	Garchabhair	90.1%	9.9%	1566	81.4%	18.6%	997	82.4%	17.6%	1014
20	Áiseanna le haghaidh scíthe agus súgartha	75.5%	24.5%	1429	52%	48%	198	62.9%	37.1%	232
19	Sláinte, leas agus forbairt an linbh	79.3%	20.7%	1423	73.7%	26.3%	816	72.4%	27.6%	1210

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Tugtar na torthaí seo chun solais i bhFíor 55.

Fíor 41 Céatadán an chomhlíonta maidir leis na rialacháin ba mhinice a measúnaíodh in 2017-2019



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Leibhéil chomhlíonta

Léiríonn na torthaí maidir le 2018 roinnt difríochtaí i gcomparáid le 2017 agus 2019 i dtaobh neamhchomhlíonta. Léiríonn na torthaí maidir le Rialachán 20 (Saoráidí scíthe agus súgartha), mar shampla, roinnt éagsúlachta sna leibhéil neamhchomhlíonta ó 48% (2018) i gcomparáid le 24.5% (2017) agus 37.1% (2019). Arís eile, áfach, b'fhéidir gurb é is cúis leis seo na líonta beaga de mheasúnuithe ar na rialacháin seo san anailís (líon = 1429 in 2017; líon = 198 in 2018 agus líon = 232 in 2019).


Treochtaí i neamhchomhlíonadh

Cuirtear i láthair i bhFíor 56 na leibhéil neamhchomhlíonta de réir na rialachán ba mhinice a measúnaíodh a cuireadh san áireamh san anailís.

Léiríonn na torthaí go mbaineann na leibhéil ab ísle de neamhchomhlíonadh i measc na dtrí bliana le Rialachán 11 (6% in 2017 agus 8% in 2019) agus go mbaineann na leibhéil is airde le Rialachán 23 (Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint) (54.3% in 2017 agus ach 69.9% in 2018). B'éagsúil go mór an chomhréir neamhchomhlíonta maidir le Rialachán 20 nuair a measadh go raibh

24.5 % neamhchomhlíontach in 2017, 48% in 2018 agus 37.1% in 2019 agus baineadh an chomhréir chéanna amach maidir le Rialachán 9.

Fíor 42 Treochtaí i neamhchomhlíonta i measc na rialachán ba mhinice a measúnaíodh a cuireadh san áireamh san anailís



Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Cuirtear anailís chuimsitheach i láthair i dTábla 32 ar na comhréireanna comhlíonta agus neamhchomhlíonta do gach rialachán (iad siúd ina measc a eascraíonn as cigireachtaí TC agus cigireachtaí ODF) a cuireadh san áireamh in anailís 2017, 2018 agus 2019.

Tábla 32 An chomhréir rialacháin chomhlíontacha agus neamhchomhlíontacha san anailís idir 2017 agus 2019

Uimhir an rialacháin	An rud ar a ndíríonn an rialachán	% comhlíontach 2017	% neamhchomhlíontach 2017	Líon na measúnuithe 2017	% comhlíontach 2018	% neamhchomhlíontach 2018	Líon na measúnuithe 2018	% comhlíontach 2019	% neamhchomhlíontach 2019	Líon na measúnuithe 2019
6	Seirbhís réamhscoile a chlárú	75.8%	24.2%	91	95.5%	4.5%	67	91.9%	8.1%	62
7	Clár								100%	1
8	Athrú ar chúinsí a fhógairt	5.3%	94.7%	19		100%	60	2.2%	97.8%	90
9	Bainistíocht agus earcaíocht	62.7%	37.3%	1603	56.9%	43.1%	1172	70.4%	29.6%	1375
10	Beartais, nósanna imeachta agus ráitis seirbhíse réamhscoile	85.7%	14.3%	7	62.5%	37.5%	8	27.3%	72.7%	11
11	Leibhéil soláthair foirne	94%	6%	1706	92.8%	7.2%	1549	92%	8%	1388
12	Feighlithe leanaí	97.5%	2.5%	40	84.1%	15.9%	44	90.2%	9.8%	41
13	Seirbhísí réamhscoile sealadacha agus seirbhísí réamhscoile in ionaid buail isteach	100%		13	100%		4	100%		7
14	Athbhreithníú ar sheirbhís réamhscoile		100%	1						
15	Taifead ar Leanbh		100%	5		100%	11	11.1%	88.9%	9

	Réamhscoile									
16	Taifead maidir le seirbhís réamhscoile	62.4%	37.6%	1281	9.5%	90.5%	116	12.9%	87.1%	124
17	Eolas do thuismitheoí		100%	1	50%	50%	2		100%	3
19	Sláinte, leas agus forbairt an linbh	79.3%	20.7%	1423	73.7%	26.3%	816	72.4%	27.6%	1210
20	Áiseanna le haghaidh scíthe agus súgartha	75.5%	24.5%	1429	52%	48%	198	62.9%	37.1%	232
21	Trealamh agus ábhair		100%	8	9.1%	90.9%	11		100%	12
22	Bia agus deoch		100%	4	50%	50%	18	78.7%	21.3%	61
23	Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint	45.7%	54.3%	1594	30.1%	69.9%	1108	38%	62%	1097
24	Seiceáil isteach agus amach agus taifead ar fhreastal					100%	3		100%	3
25	Garchabhair	90.1%	9.9%	1566	81.4%	18.6%	997	82.4%	17.6%	1014
26	Bearta sábháilteacht a ó dhóiteán	79.8%	20.2%	1573	75.3%	24.7%	1002	77.3%	22.7%	1021
27	Maoirseacht		100%	4	25.9%	74.1%	27	23.4%	76.6%	47
28	Árachas	96.2%	3.8%	1423	79%	21%	162	84.4%	15.6%	211
29	Áitreabh	29.7%	70.3%	306	27.4%	72.6%	310	35.5%	64.5%	366
30	Riachtanais spáis íosta	88.1%	11.9%	168	69.3%	30.7%	166	80.2%	19.8%	217
31	Teagmhais a fhógairt		100%	3	25%	75%	4	50%	50%	6
32	Gearáin	66.7%	33.3%	3	37.5%	62.5%	8	76.5%	23.5%	17

Iomlán	75.3%	24.7%	14271	65.9%	34.1%	7863	69.4%	30.6%	8625
--------	-------	-------	-------	-------	-------	------	-------	-------	------

Nóta: B'fhéidir nach ionann suim na gcéatadán agus 100% mar gheall ar shlánú

Teagmhais a fhógairt


Ceanglaítear i Rialachán 31, Teagmhais a Fhógairt, ar sholáthraithe cláraithe Tusla a chur ar an eolas i scríbhinn laistigh de thrí lá oibre i ndiaidh gur cuireadh ar an eolas iad ar aon teagmhais ar leith a tharla sa tseirbhís réamhscoile. Cuirtear na teagmhais seo i láthair i dTábla 33 thíos.

Tábla 33 Teagmhais ar leith atá le tabhairt le fios do Tusla

Bás linbh sa tseirbhís
Bás linbh san ospidéal i ndiaidh é/í a aistriú ón tseirbhís
Diagnóisíodh go bhfuil galar tógálach ar leanbh
Diagnóisíodh go bhfuil galar tógálach ar fhostaí, oibrí neamhíoctha, conraitheoir nó duine eile a oibríonn sa tseirbhís
Rinneadh leanbh réamhscoile a ghortú go tromchúiseach fad a bhíonn siad ag freastal ar an tseirbhís óna dteastaíonn cóir leighis láithreach ag lia-chleachtóir cláraithe
Dúnadh seirbhís go neamhrialta i ndiaidh gur tharla teagmhas sa tseirbhís
Tá leanbh ar iarraidh ón tseirbhís

Tháinig méadú nach mór faoi dhó ar an méid teagmhas a fógraíodh idir 2017 (líon = 203) agus 2019 (403) (Fíor 57).

Fíor 43 An méid teagmhas a fógraíodh 2017-2019



Sainaithníodh ceithre phríomhchatagóir in anailís ar na fógraí a fuarthas in 2017:

- **Leanbh réamhscoile a gortaíodh go trom (líon = 131):** Gortú atá i gceist leis seo óna dteastaíonn cóir leighis láithreach ag lia-chleachtóir cláraithe, in ospidéal nó áiteanna eile.
- **Diagnóisíodh go bhfuil galar tógálach ar leanbh (líon = 28):** Galar é seo atá ar an liosta galar (agus na pataiginí is cúis leo, faoi seach) a chuimsítear sna Rialacháin um Ghalair Aicídeacha, 1981 agus i leasuithe a rinneadh ina dhiaidh sin. Tá liosta de ghalair infhógartha ar fáil ag <http://www.hpsc.ie/notifiablediseases/listofnotifiablediseases/>

- **Dúnadh neamhphleanáilte (líon = 28):** Tarlaíonn seo nuair atá ar an tseirbhís dúnadh mar gheall ar imeachtaí gan choinne. Is é sin, tá ar an tseirbhís dúnadh gan choinne. D'fhéadfadh seo a bheith ar chúiseanna pearsanta (e.g. méala), nó aon chúis eile (e.g. píopa pléasctha san áis).
- Tá leanbh ar iarraidh (líon = 11)
- Eile (líon = 6)

Eolas gan iarraidh

Leagtar dualgas anois i Rialachán 32 ar sholáthraithe cláraithe próiseas cuimsitheach bainistíochta gearán a bheith i bhfeidhm agus chun dul i ngleic le gach gearán a fuarthas ón bpobal, tuismitheoirí nó a bhfoireann.

Faigheann an Chigireacht Luathbhlianta eolas gan iarraidh ar bhonn leanúnach maidir le seirbhísí luathbhlianta. Is ionann eolas gan iarraidh agus aon phíosa eolais, a bhaineann le seirbhís luathbhlianta a oibriú a cuireadh ar aird na Cigireachta nár lorgáíodh nó nár iarraidh. Is féidir a áireamh leis an eolas sin gearáin a bhaineann le seirbhísí cláraithe. Cuireadh deireadh an 18 Nollaig 2017 leis an gcleachtas ina ndearna an Chigireacht imscrúdú ar ghearáin aonair. Ón dáta sin, chuir an Chigireacht tús le córas nua chun bainistíocht an bheartais eolais gan iarraidh a oibriú ina ndéantar an méid seo a leanas:

- Déantar an t-eolas go léir a fhaightear a scagadh: glactar leis, ní ghluactar leis nó atreoraítear é go dtí gníomhaireacht nó comhlacht stáit eile, faoi mar is cuí.
- Déantar measúnú riosca ar an eolas a nglactar leis chun an plean bainistíochta a dheimhniú.
- Cuirtear an t-eolas gan iarraidh go léir in iúl don soláthraí cláraithe a thagann faoi chuimsiú shainchúram na rialachán i bhfoirm bileog achomair.
- Nuair a mheastar gurb íseal don riosca, déanfaidh an soláthraí cláraithe imscrúdú de réir bheartas gearán na seirbhísí, a ndéanfaidh Tusla maoirseacht air.
- I ngach cás eile, cuirfidh sé eolas ar fáil don chéad chigireacht sceidealaithe eile nó cuirfear tús le cigireacht níos luaithe dá bharr.
- Tugtar deis don soláthraí cláraithe i ngach cás chun freagairt don eolas gan iarraidh agus don tuairisc chigireachta trí na próisis Ghnímh Cheartaithigh agus Ghnímh Choiscstigh (Corrective Action and Preventative Action, CAPA) agus trí phróisis chruinnis fhíriciúil.

Is féidir le haon duine a bhfuil buairt orthu faoi sheirbhís luathbhlianta teacht ar eolas breise ar láithreán gréasáin na Cigireachta: <https://www.tusla.ie/services/preschool-services/concerned-about-the-operation-of-a-eyc/>

Tá méadú breis agus faoi dhó tagtha ar an líon aighneachtaí eolais gan iarraidh a fuair an Chigireacht Luathbhlianta i gcaitheamh na tréimhse trí bliana ó 2017 go 2019.

Fíor 44 Aighneachtaí eolais gan iarraidh 2017-2019



Achoimre ar threochtaí

Cuireadh anailís i láthair sa mhír seo ar phríomhthreochtaí a tháinig chun solais i gcaitheamh na tréimhse trí bliana ó 2017 go 2019 maidir le clárú, cigireacht agus comhlíonadh. Tugann na torthaí le fios gur tháinig laghdú beag ach comhsheasmhach ar an líon seirbhísí luathbhlianta a cláraíodh idir 2017 agus 2019 ó 4,484 in 2017 go 4,435 in 2018 agus go 4,310 in 2019. Tháinig laghdú freisin ar an líon iarrataí ar athruithe ar chúinsí ó 1,422 in 2017 go 1,384 in 2018 agus go 1,331 in 2019.

Cé go bhfuil na líonta beag, tháinig méadú réidh ar an líon seirbhísí a dúnadh i gcaitheamh na tréimhse trí bliana ó 117 in 2017 go 138 in 2018 agus go 195 in 2019. Níor baineadh aon seirbhísí ón gclár in 2017. Baineadh dhá cheann in 2018 agus baineadh ceithre cinn in 2019. Anuas air sin, tugadh fógra do cheithre sheirbhís bhreise, a raibh gach ceann díobh mar chuid de ghrúpa amháin iolrach, go mbainfear den chlár iad (faoi réir achomhairc) in 2019 agus rinneadh achomharc i ngach cás. Ní raibh ach seirbhís amháin faoi réir imeachtaí dlíthiúla in 2019 agus b'amhlaidh seo mar gheall gur oibrigh siad gan a bheith cláraithe. Cuireadh an tAcht Promhaidh i bhfeidhm dá thoradh sin.

Is éagsúil an t-eolas ar an líon cigireachtaí a rinneadh i rith na dtrí bliana, agus dá réir sin, ní féidir comparáid a dhéanamh eatarthu. Tugadh le fios gurbh é líon na seirbhísí luathbhlianta a ndearnadh cigireacht orthu i rith 2017 2,033. Ba é an líon cigireachtaí a rinneadh in 2018 2,513 agus ba é an líon cigireachtaí a rinneadh in 2019 2,308. Cuireadh breis agus cigireacht amháin san áireamh, áfach, i roinnt tuairiscí ar chigireachtaí in 2019.

Ba é an meánlíon rialachán a measúnaíodh ag cigireachtaí 8.79 in 2017, 4.83 in 2018 agus 6.21 in 2019. Ba iad na rialacháin ba mhinice a measúnaíodh i ngach bliain Rialachán 11 (Leibhéil soláthair foirne), Rialachán 9 (Bainistíocht agus earcaíocht), Rialachán 23 (Sláinte, leas agus forbairt an linbh a chosaint), Rialachán 26 (Bearta um shábháilteacht ó dhóiteán), Rialachán 19 (Sláinte, leas agus forbairt an linbh) agus Rialachán 25 (Garchabhair). B'airde an chomhréir rialachán a measadh a bhí comhlíontach in 2017 (75.3%) agus b'íslle é in 2018 (65.9%). Measadh go raibh nach mór 70% (69.4%) de na rialacháin comhlíontach in 2019. Is dóchála go meastar go bhfuil rialacháin a measúnaíodh i seirbhísí cúraim lae iomláin neamhchomhlíontach i gcomparáid le haon saghas eile seirbhíse agus ba é an chomhréir seo 32% in 2017, agus 45% in 2018 agus 41.7% in 2019. Tháinig laghdú gach bliain ar an gcomhréir rialachán a measadh a bhí neamhchomhlíontach i réigiún BÁCCT anuas ó 48% in 2017 go 42% in 2018, agus 35% in 2019.

As na rialacháin ba mhinice a measúnaíodh, baintear na leibhéil chomhlíonta is airde amach maidir le Rialachán 11 (Leibhéil soláthair foirne) i rith na dtrí bliana ó 94% in 2017 go 92.8% in 2018 agus 92% in 2019. As na rialacháin ba mhinice a measúnaíodh, sainithníodh gur baineadh na leibhéil chomhlíonta ab ísle amach maidir le Rialachán 23 agus b'ionann iad agus idir 45.7% (2017) agus ach 30.1% in 2018 agus 38% in 2019.

Tháinig méadú nach mór faoi dhó ar an méid teagmhas a fógraíodh idir 2017 (líon = 203) agus 2019 (403). Tháinig méadú freisin ar aighneachtaí eolais gan iarraidh gach bliain ó 277 aighneacht in 2017 go 413 aighneacht in 2018 agus 597 aighneacht in 2019.

